AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.5.2026
COM(2026) 228 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

i ndáil le cur chun feidhme agus torthaí Rialachán (EU) 2021/782 maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid

CLÁR

1. Réamhrá 2

2. Cur chun feidhme agus torthaí Rialachán (AE) 2021/782 4

2.1. Díolúintí (Airteagal 2) 4

2.2. Cóir chomhionann (Airteagal 5) 7

2.3. Rothair a iompar (Airteagal 6) 8

2.4. Faisnéis taistil fíor-ama (Airteagal 10) 10

2.5. Tréthicéid (Airteagal 12) 12

2.6. An ceart chun féin-athródaithe (Airteagal 18(3)) 17

2.7. Cúiteamh - Force majeure (Airteagal 19(10)) 19

2.8. Foirm choiteann le haghaidh iarrataí ar aisíocaíocht agus ar chúiteamh (Airteagail 18(7) agus 19(6)) 20

2.9. Mórshuaitheadh agus pleanáil theagmhasach (Airteagal 20(6)) 21

2.10. Daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe (Caibidil V) 23

2.11. Gearáin a láimhseáil agus a fhorfheidhmiú (Airteagal 28 agus Caibidil VII). 27

3. Conclúidí 32

ANNEX A FORLÉARGAS AR GHLACADH NA NDÍOLÚINTÍ FAOI RIALACHÁN (AE) 2021/782 () 34

ANNEX B COMPARÁID LE DÍOLÚINTÍ NA MBALLSTÁT FAOI RIALACHÁN (CE) UIMH. 1371/2007() 35

1. RÉAMHRÁ

Tháinig Rialachán (AE) 2021/782 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid ([1]) ('an Rialachán') i bhfeidhm an 7 Meitheamh 2021 agus tá feidhm aige ón 7 Meitheamh 2023. Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 1371/2007 maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid, a tháinig i bhfeidhm in 2009, a aisghairm leis agus cuireadh an Rialachán nua ina ionad ([2]). Leis an Rialachán, leasaíodh agus tugadh isteach forálacha maidir leis an méid seo a leanas: díolúintí (Airteagal 2), cóir chomhionann (Airteagal 5), iompar rothar (Airteagal 6), faisnéis taistil fíor-ama (Airteagal 10), tréthicéid (Airteagal 12), ceart chun féinródaithe (Airteagal 18(3)), *force majeure* (Airteagal 19(10)), an fhoirm choiteann le haghaidh iarrataí ar aisíocaíocht agus ar chúiteamh (Airteagal 18(7) agus Airteagal 19(6)), mórshuaitheadh agus pleananna teagmhasacha (Airteagal 20(6)), cearta daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe (Caibidil V) agus láimhseáil agus forfheidhmiú gearán (Airteagal 28 agus Caibidil VII).

Le hAirteagal 39 den Rialachán, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 7 Meitheamh 2026 maidir le cur chun feidhme an Rialacháin agus na torthaí a bheidh air. Is é is cuspóir don tuarascáil seo an oibleagáid sin a chomhlíonadh. Dírítear sa tuarascáil seo ar na gnéithe nua a tugadh isteach le hathbhreithniú 2021.

Tá an tuarascáil seo bunaithe ar fhaisnéis arna soláthar de bhun an Rialacháin, lena n-áirítear tuarascálacha ó ghnóthais iarnróid i ndáil lena bhfeidhmíocht maidir le cáilíocht seirbhíse, agus tuarascálacha ó chomhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe (NEBanna) na mBallstát maidir lena ngníomhaíochtaí ([3]). Tá an tuarascáil bunaithe freisin ar na fógraí a chuir na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin faoi Airteagail 2(7), 11(4), 31(3) agus Airteagal 35(1) den Rialachán.

Ina theannta sin, ionchorpraítear sa tuarascáil seo torthaí ó staidéar tacaíochta faoi stiúir an Choimisiúin ([4]), inar bailíodh sonraí ar fud na mBallstát uile maidir le cur chun feidhme an Rialacháin. Ós rud é gur dhírigh an staidéar ar chleachtais an phríomhghnóthais iarnróid i ngach Ballstát, ba cheart na tagairtí sa tuarascáil seo do thorthaí maidir le cur i bhfeidhm na rialacha i mBallstát ar leith a thuiscint mar thagairtí do chleachtais an phríomhghnóthais iarnróid sa Bhallstát sin, mura sonraítear a mhalairt.

([1]) Rialachán (AE) 2021/782 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid (athmhúnlú), IO L 172, 17.5.2021, lch. 1.

([2]) Féach Airteagal 41 den Rialachán. Ní bheidh feidhm ach ag Airteagal 6(4) a bhaineann le nósanna imeachta soláthair le haghaidh rothstoc uasghrádaithe nua nó mór chun rothair a iompar ón 7 Meitheamh 2025.

([3]) Leanann sé ó Airteagal 32(3) den Rialachán go bhfoilseoidh na comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta tuarascálacha gach 2 bhliain ina mbeidh staidreamh maidir lena ngníomhaíocht, lena n-áirítear staidreamh maidir leis na pionóis arna gcur i bhfeidhm faoin 30 Meitheamh den bhliain féilire dár gcionn. Cuirfear na tuarascálacha sin le fáil ar shuíomh gréasáin Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh.

([4]) Staidéar tacaíochta don Tuarascáil ar chur chun feidhme agus ar thorthaí Rialachán (AE) 2021/782 maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid le Ramboll Management Consulting A/S, Milieu Consulting SRL, agus Transport & Mobility Leuven.

Tá torthaí na tuarascála seo, go háirithe maidir le tréthicéid, ábhartha freisin i gcomhthéacs togra nua ón gCoimisiún (COM(2026) 233) lena leathnaítear cearta paisinéirí i gcás naisc iarnróid a chailltear faoi thicéad aonair a cheannaítear ar ardán amháin mar chuid d’idirbheart aonair.

2. CUR CHUN FEIDHME AGUS TORTHAÍ RIALACHÁN (AE) 2021/782

2.1. Díolúintí (Airteagal 2)

Sainítear in Airteagal 2 den Rialachán a raon feidhme trí na turais agus na seirbhísí iarnróid a thagann faoin Rialachán a leagan amach. Sonraítear ann freisin cé na seirbhísí iarnróid do phaisinéirí a fhéadfaidh na Ballstáit a dhíolmhú ó rialacha áirithe faoin Rialachán. Ní mór na cúiseanna le díolúintí a áireamh i bhfógraí chuig an gCoimisiún. Bhí sé i gceist le hathbhreithniú 2021 ar an gcóras díolúine teorainn a chur le húsáid iomarcach díolúintí faoi na rialacha roimhe seo, cumhdach an Rialacháin a leathnú de réir a chéile chuig níos mó seirbhísí, agus a áirithiú go mbeidh cearta paisinéirí níos comhsheasmhaí agus níos intuartha. Ní mór do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún Eorpach faoi aon díolúine den sórt sin agus na cúiseanna lena ndeonú a sholáthar ([5]).

Is féidir teacht ar fhorléargas ar dhíolúintí in aghaidh an Bhallstáit faoin Rialachán atá ann faoi láthair in **Iarscríbhinn A**. Is féidir teacht ar chomparáid idir díolúintí a ghlactar in aghaidh na seirbhíse agus in aghaidh an Bhallstáit idir Rialachán (AE) 2021/782 agus Rialachán (CE) Uimh. 1371/2007 in **Iarscríbhinn B**.

As na 27 Ballstát, níl gréasán iarnróid ar bith ag dhá cheann acu - an Chipir agus Málta. Níor bhain sé Bhallstát ([6]) a bhfuil gréasán iarnróid acu úsáid as aon díolúine. Baineann na 19 mBallstát eile úsáid as na díolúintí: úsáid theoranta don tromlach, agus úsáid níos forleithne do ghrúpa níos lú ([7]).

Faoi Airteagal 2(4) de Rialachán (AE) 2021/782, tá an fhéidearthacht díolúintí a bhaineann le **seirbhísí iarnróid fad-achair intíre do phaisinéirí** a chur i bhfeidhm teoranta do na Ballstáit a bhí ag brath cheana féin ar dhíolúine inchomparáide le haghaidh na seirbhísí sin faoin Rialachán roimhe sin go dtí 2024. Ina theannta sin, leis an Rialachán nua, laghdaíodh líon na bhforálacha is féidir a dhíolmhú le haghaidh na seirbhísí sin ([8]) agus ní féidir an síneadh a athnuachan ach uair amháin go dtí 2029. I bprionsabal, chuirfeadh sé sin ar chumas suas le 10 mBallstát díolúintí a choinneáil le haghaidh na seirbhísí sin go dtí 2029 ([9]). Mar sin féin, níor thug ach cúig Bhallstát fógra go leanfaidh siad de na díolúintí a chur i bhfeidhm go dtí 2029 ([10]).

Tugtar le fios leis sin go bhfuil laghdú suntasach tagtha sa chleachtas ar spleáchas ar dhíolúintí náisiúnta le haghaidh seirbhísí iarnróid fad-achair intíre faoi Rialachán (AE) 2021/782, rud a d'fhéadfadh tacú le cur i bhfeidhm níos leithne agus níos comhsheasmhaí ceart paisinéirí ar fud na mBallstát. Ag an am céanna, tá éagsúlacht i raon feidhme iarbhír na ndíolúintí idir na cúig Bhallstát sin ([11]).

Ina theannta sin, ceadaítear leis an Rialachán freisin do na Ballstáit – mar a rinneadh faoin Rialachán roimhe seo – seirbhísí iarnróid (fo-)uirbeacha agus réigiúnacha do phaisinéirí a

([5]) Mír (7) d'Airteagal 2 (*Raon feidhme*) den Rialachán.
(6) BE, EE, EL, ES, IE, SI.
([7]) Féach Iarscríbhinn A.
([8]) Eadhon, Airteagal 15 (*Réamhíocaíochtaí*), Airteagal 17 (*Dliteanas i leith moilleanna, naisc a cailleadh agus cealuithe*) agus Airteagal 19 (*Cúiteamh*), Airteagal 20 (*Cúnamh*), go háirithe pointí (a) agus (b) de mhír 2 de, agus Airteagal 30 (*Faisnéis do phaisinéirí faoina gcearta*) mír 2 den Rialachán.
([9]) BG, EE, HU, IE, LV, LT, PL, PT, RO, SK.
([10]) BG, HU, PT, RO, SK.
([11]) Tá forléargas cuimsitheach ar na díolúintí náisiúnta faoi Rialachán (AE) 2021/782 le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin: https://transport.ec.europa.eu/transport-themes/passenger-rights/rail-passenger-rights_ga

dhíolmhú ón Rialachán ([12]), ach cé is moite de líon méadaithe príomhfhorálacha éigeantacha nach bhfuil aon díolúine ann ina leith agus nach mór feidhm a bheith acu i gcónaí mar thoradh air sin ([13]). I gcomparáid leis sin, tá níos mó forálacha sainordaitheacha ann le haghaidh seirbhísí iarnróid réigiúnacha do phaisinéirí ná le haghaidh seirbhísí (fo-)uirbeacha ([14]).

Tá **seirbhísí iarnróid réigiúnacha** do phaisinéirí faoi réir díolúintí ([15]) in 12 as 25 Ballstát. Bhain na Ballstáit chéanna úsáid freisin as díolúintí le haghaidh **seirbhísí (fo-)uirbeacha iarnróid do phaisinéirí** ([16]).

I ndáil leis sin, ag an am, bhain 18 mBallstát ([17]) leas as an bhféidearthacht faoi Rialachán (CE) Uimh. 1371/2007 seirbhísí iarnróid (fo-)uirbeacha agus réigiúnacha do phaisinéirí a dhíolmhú. Deimhnítear leis sin an treocht a breathnaíodh roimhe seo i seirbhísí fad-achair intíre go mbaineann níos lú Ballstát úsáid as na deiseanna chun seirbhísí a dhíolmhú faoin Rialachán nua.

Rinne ceithre Bhallstát seirbhísí (fo-)uirbeacha a dhíolmhú ón gcuid is mó d'fhorálacha an Rialacháin, rud a áirithíonn cur i bhfeidhm phríomhfhorálacha éigeantacha an Rialacháin ([18]). I dtrí Bhallstát eile, úsáidtear cur chuige comhchosúil maidir le díolúintí (na príomhfhorálacha sainordaitheacha a chur i bhfeidhm), agus tá an difríocht shuntasach ann go leanann roinnt forálacha neamhéigeantacha eile d'fheidhm a bheith acu freisin ([19]). Roghnaigh grúpa eile de chúig Bhallstát díolúintí níos spriocdhírithe a bhaineann go sonrach le soláthar ([20]). Deimhnítear na treochtaí sin den chuid is mó do na Ballstáit chéanna a mhéid a bhaineann leis na díolúintí le haghaidh seirbhísí iarnróid réigiúnacha do phaisinéirí ([21]).

Rinne seacht mBallstát **seirbhísí iarnróid idirnáisiúnta chuig tríú tíortha** a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm an Rialacháin atá ann faoi láthair ([22]), i gcomparáid le hocht mBallstát

---

([12]) Mír 6(a) d'Airteagal 2 (*Raon feidhme*) den Rialachán.

([13]) Féach mír 8 d'Airteagal 2 (*Raon feidhme*) den Rialachán. Baineann sé sin go háirithe le hAirteagal 5 (*Coinníollacha conarthacha agus taraifí neamh-idirdhealaitheacha*), Airteagal 11 (*Ticéid agus áirithintí a bheith ar fáil*), Airteagal 13 (*Dliteanas i leith paisinéirí agus a gcuid bagáiste*), Airteagal 14 (*Árachas agus cumhdach dliteanais*), Airteagal 21 (*An ceart chun iompair*), Airteagal 22 (*Faisnéis le haghaidh daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe*), Airteagal 27 (*Slándáil phearsanta paisinéirí*) agus Airteagal 28 (*Gearáin*) den Rialachán.

([14]) Airteagal 5 *(Coinníollacha conarthacha agus taraifí neamh-idirdhealaitheacha)*, Airteagal 6 (*Rothair*), Airteagal 11 (*Ticéid agus áirithintí a bheith ar fáil*), Airteagal 12 (*Tréthicéid*), Airteagal 13 (*Dliteanas i leith paisinéirí agus a gcuid bagáiste*), Airteagal 14 (*Árachas agus cumhdach dliteanais*), mír 3 d'Airteagal 18 (*Aisíocaíocht agus athródú*), Airteagal 21 (*An ceart chun iompair*), Airteagal 22 (*Faisnéis le haghaidh daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe*), Airteagal 23 (*Cúnamh ag stáisiúin iarnróid agus ar bord*), Airteagal 24 (*Coinníollacha faoina gcuirtear cúnamh ar fáil*), Airteagal 25 *(Cúiteamh i leith trealamh soghluaisteachta, feistí cúnta agus madraí cuidithe)*, Airteagal 26 (*Oiliúint foirne*), Airteagal 27 *(Slándáil phearsanta paisinéirí)* agus Airteagal 28 *(Gearáin)*. Mar sin féin, féadfaidh feidhm a bheith ag díolúine paisinéirí iarnróid réigiúnaigh ó chur i bhfeidhm Airteagail 12(1) agus 18(3) go dtí an 7 Meitheamh 2028 (féach Airteagal 2(8) den Rialachán).

([15]) AT, BG, DE, FI, FR, HU, LU, PL, PT, RO, SE, SK.

([16]) AT, BG, DE, FI, FR, HU, LU, PL, PT, RO, SE, SK.

([17]) AT, BG, DE, EE, EL, ES, FI, FR, HU, IE, LT, LU, LV, PL, PT, RO, SE, SK.

([18]) HU, PT, RO, SK.

([19]) FR, LU, PL.

([20]) AT, BG, DE, FI, SE.

([21]) Is é AT an t-aon Bhallstát a dhéanann idirdhealú idir seirbhísí iarnróid uirbeacha agus fo-uirbeacha do phaisinéirí. San Ostair, tá an córas díolúine le haghaidh seirbhísí iarnróid fo-uirbeacha do phaisinéirí ailínithe go ginearálta leis na díolúintí le haghaidh seirbhísí iarnróid réigiúnacha do phaisinéirí.

([22]) BG, CZ, FI, HU, LV, PL, RO. D'fhéadfadh raon feidhme na ndíolúintí agus an infheidhmeacht maidir le gach tríú tír nó le tríú tíortha sonracha a bheith éagsúil.

faoin Rialachán a bhí ann roimhe seo. Thairis sin, bhain 15 Bhallstát leas as an díolúine le haghaidh **seirbhísí a oibrítear chun críoch stairiúil nó turasóireachta amháin** ([23]). I ngach ceann de na tíortha sin, tá seirbhísí stairiúla nó turasóireachta díolmhaithe ó chur i bhfeidhm foriomlán an Rialacháin, cé is moite d'Airteagal 13 *(Dliteanas i leith paisinéirí agus a gcuid bagáiste)* agus d'Airteagal 14 *(Árachas agus cumhdach dliteanais)*.

Tá infheidhmeacht Airteagal 10 den Rialachán díolmhaithe ag sé Bhallstát toisc nach bhfuil sé indéanta go teicniúil do bhainisteoirí bonneagair sonraí fíor-ama a dháileadh ar ghnóthais iarnróid, ar dhíoltóirí ticéad, ar thionscnóirí turas ná ar bhainisteoirí stáisiúin ([24]). I ngach cás, beidh feidhm ag an díolúine go dtí an 7 Meitheamh 2030 (Airteagal 2(5) den Rialachán).

Bhain ocht mBallstát úsáid as an bhféidearthacht **tréimhse réamhfhógra níos faide 36 uair an chloig seachas 24 uair an chloig a chur i bhfeidhm maidir le cúnamh do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe** ([25]). I ngach cás, beidh feidhm ag an díolúine go dtí an 30 Meitheamh 2026, i gcomhréir leis an uastréimhse a cheadaítear don díolúine sin faoin tríú fomhír d'Airteagal 24(a) den Rialachán. I bhformhór na mBallstát, tá feidhm cheana féin ag an uastréimhse réamhfhógra 24 uair an chloig ó tháinig sé i bhfeidhm an 7 Meitheamh 2023. Sa Danmhairg, tá raon feidhme na díolúine níos cúinge, toisc nach bhfuil feidhm aici ach amháin maidir le seirbhísí iarnróid trasteorann don Ghearmáin seachas maidir le gach seirbhís iarnróid do phaisinéirí.

Leanann sé ón méid thuas go bhfuil úsáid díolúintí faoin Rialachán sách forleathan ach go bhfuil éagsúlacht shuntasach ó thaobh raon feidhme de. Baineann líon mór Ballstát úsáid as roinnt roghanna díolúine, go háirithe iad siúd a bhaineann le seirbhísí uirbeacha, fo-uirbeacha agus réigiúnacha, chomh maith leis an rogha maidir le seirbhísí iarnróid a oibrítear chun críoch stairiúil nó turasóireachta amháin. Os a choinne sin, glacann grúpa níos lú Ballstát deiseanna díolúine eile, amhail iad siúd a bhaineann le seirbhísí iarnróid fad-achair intíre agus seirbhísí iarnróid idirnáisiúnta chuig tríú tíortha.

Má chinneann na Ballstáit seirbhísí áirithe iarnróid a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm forálacha áirithe den Rialachán seo, ní mór dóibh an Coimisiún a chur ar an eolas dá réir sin. Agus an fhaisnéis sin á cur ar fáil acu, ní mór do na Ballstáit na cúiseanna atá le díolúintí den sórt sin a dheonú a chur i láthair. Soiléirítear in Aithris 10 den Rialachán gur cheart do na Ballstáit, agus an Coimisiún á chur ar an eolas faoi dhíolúintí a deonaíodh, míniú a thabhairt freisin ar na bearta atá déanta acu nó atá beartaithe acu a dhéanamh chun na hoibleagáidí faoin Rialachán a chomhlíonadh nuair a rachaidh na díolúintí lena mbaineann in éag. Tá fógra tugtha ag 26 Bhallstát ([26]) don Choimisiún faoi bhearta náisiúnta cur chun feidhme, lena n-áirítear díolúintí a dheonaigh siad i gcomhréir leis an Rialachán.

I gcomparáid leis an gcur chuige faoin Rialachán roimhe seo, tugtar le fios leis sin aistriú i dtreo úsáid níos struchtúrtha agus níos difreáilte díolúintí. Faoin gcreat a bhí ann roimhe seo, baineadh úsáid fhorleathan as díolúintí ar fud na mBallstát agus na gcatagóirí seirbhíse, agus ba mhinic a bhí raon feidhme leathan acu, agus cuid acu in-athnuaite thar

([23]) BG, CZ, FI, FR, DE, HU, IT, LV, LT, NL, PL, PT, RO, SK, SE.
([24]) AT, HR, HU, LV, PL, RO.
([25]) BG, CZ, HR, DK, DE, HU, LV, RO.
([26]) Ina theannta sin, maidir le 25 Ballstát a bhfuil gréasán iarnróid acu, thug Ballstát amháin nach bhfuil gréasán iarnróid aige fógra don Choimisiún faoi bhearta cur chun feidhme, ní dhearna an Ballstát eile amhlaidh go fóill. Go háirithe, ní mór comhlacht náisiúnta forfheidhmithe a ainmniú chun a áirithiú go ndéanfar faireachán agus forfheidhmiú ar na hoibleagáidí sa Rialachán maidir le díoltóirí ticéad agus tionscnóirí turas a d'fhéadfaí a bhunú ar chríoch Ballstáit nach bhfuil aon ghréasán iarnróid aige.

thréimhsí fada freisin. Faoin gcreat atá ann faoi láthair, tá díolúintí fós ann, go háirithe i gcás seirbhísí uirbeacha, fo-uirbeacha agus réigiúnacha, ach tá idirdhealú níos soiléire ann idir grúpa teoranta úsáideoirí ([27]) níos fairsinge agus tacar méadaitheach Ballstát nach mbaineann mórán ([28]) úsáide nó (beagnach) ([29]) aon úsáid ([30]) as maoluithe. Ina theannta sin, is minice a cheaptar díolúintí mar dhíolmhuithe spriocdhírithe, soláthar-shonracha nó mar chur siar a bhfuil teorainn ama leis, seachas eisiaimh leathana, neamhiata, rud a thugann le fios go bhfuil ról na ndíolúintí á chúngú de réir a chéile agus go bhfuil leathnú comhfhreagrach á dhéanamh ar raon feidhme an Rialacháin sa chleachtas.

2.2. Cóir chomhionann (Airteagal 5)

Le hAirteagal 5 den Rialachán, ceanglaítear ar ghnóthais iarnróid, ar dhíoltóirí ticéad agus ar thionscnóirí turas coinníollacha conartha agus taraifí a thairiscint gan idirdhealú díreach ná indíreach bunaithe ar náisiúntacht an phaisinéara (de chuid Ballstáit) ná ar áit bhunaíochta an tsoláthraí san Aontas. Tá an fhoráil seo gan dochar do tharaifí sóisialta agus tá feidhm aici freisin maidir le forchoimeádais faoi Airteagal 11 den Rialachán. Bhí forálacha neamh-idirdhealaithe comhchosúla ann cheana i gcás modhanna eile iompair sular tháinig an Rialachán i bhfeidhm, ach i gcomhthéacs an taistil d'iarnród, b'éigean dul ar iontaoibh fhoráil ghinearálta an Chonartha maidir le neamh-idirdhealú (Airteagal 18 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh). Le tabhairt isteach Airteagal 5, méadaítear an deimhneacht dhlíthiúil dá bhrí sin. Ina theannta sin, tá an tAirteagal seo ar cheann de phríomhfhorálacha éigeantacha an Rialacháin nach féidir a dhíolmhú le haghaidh seirbhísí iarnróid (fo-)uirbeacha agus réigiúnacha do phaisinéirí, ná nach féidir a dhíolmhú le haghaidh seirbhísí intíre fad-achair.

Ar bhonn na fianaise atá ar fáil a bailíodh i gcomhthéacs an staidéir tacaíochta, is cosúil nach bhfuil aon idirdhealú díreach bunaithe ar náisiúntacht in aon Bhallstát. Dheimhnigh na gnóthais iarnróid a ndeachthas i gcomhairle leo, cé go bhféadfadh feidhm a bheith ag taraifí éagsúla (e.g. taraif shóisialta, lascaine grúpa, méadú ar an bpraghas gar don dáta taistil, praghsanna éagsúla de réir an díoltóra ticéad), nach gcuirtear aon idirdhealú ná praghsáil éagsúil i bhfeidhm ar bhonn náisiúntachta.

An tráth céanna, tá tásca sa staidéar tacaíochta freisin go bhféadfadh neamhnáisiúnaigh Ballstáit a bheith faoi réir cóir éagsúil sa chleachtas mar gheall ar na ceanglais chun rochtain ar tharaifí sóisialta a áirithiú, e.g. deimhnithe náisiúnta a cheangal. D'fhéadfadh sé sin rochtain ar lascainí den sórt sin a theorannú do phaisinéirí nach náisiúnaigh den Bhallstát lena mbaineann iad, mar cé go gcáileoidís de ghnáth don lascaine (e.g. toisc gur duine faoi mhíchumas nó duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe nó gur mac léinn iad), d'fhéadfadh sé nach mbeadh an deimhniú náisiúnta is gá acu chun ticéad lascainithe a cheannach. I gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ([31]) ní mór measúnú aonair a dhéanamh ar gach cás a bhaineann le taraifí sóisialta do chónaitheoirí agus féadfar a mheas go bhfuil siad inghlactha faoi dhlí an Aontais má tá údar cuí leis de bharr cúinsí oibiachtúla a bhaineann le leas an phobail, neamhspleách ar náisiúntacht na ndaoine lena mbaineann, agus má tá an beart comhréireach leis an gcuspóir atá á shaothrú.

([27]) BG, HU, RO.
([28]) AT, CZ, DE, FI, FR, HR, LU, LV, PL, PT, SE, SK.
([29]) Go háirithe, níor dhíolmhaigh roinnt Ballstát ón Rialachán ach seirbhísí a oibrítear go docht chun críoch stairiúil nó turasóireachta.
([30]) BE, DK, EE, EL, ES, IE, IT, LT, NL, SI.
([31]) Féach e.g. breithiúnas an 1 Deireadh Fómhair 2009, Gottwald, C-103/08, EU:C:2009:597, míreanna 27 agus 30.

I dtuarascálacha ó chomhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe faoi Airteagal 32 den Rialachán ó thrí Bhallstát ([32]) luaitear Airteagal 5 faoin tuairisc ar a ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin. Mar sin féin, níl aon ghearán, imscrúdú ná pionós ann faoi láthair a bhaineann go sainráite le hAirteagal 5 den Rialachán. Ní liostaítear ach i dtuarascáil ó chomhlacht náisiúnta forfheidhmithe amháin ([33]) 14 ghearán mar 'Idirdhealú paisinéirí bunaithe ar náisiúntacht' as 647 teagmhas a bhaineann leis an Rialachán in 2024, ach níl aon mhionsonraí ann maidir le torthaí, imscrúduithe ná pionóis faoin Rialachán. I dtuarascáil ó chomhlacht náisiúnta forfheidhmithe eile ([34]) luaitear Airteagal 5 den Rialachán faoi phionóis ach ní luaitear smachtbhannaí. Tá sé sin ag teacht le hagallaimh a rinneadh i gcomhthéacs an staidéir tacaíochta, lena léirítear go bhfuil saincheisteanna idirdhealaithe atá bunaithe go díreach ar náisiúntacht annamh nó go hiomlán in easnamh.

2.3. Rothair a iompar (Airteagal 6)

Neartaítear leis an Rialachán an ceart atá ann cheana chun rothar a iompar faoi Rialachán (CE) Uimh. 1371/2007 trína leagan síos go mbeidh paisinéirí i dteideal rothair a thabhairt ar bord (ar tháille réasúnta i gcás inarb iomchuí). Áirítear leis sin an ceart chun áirithint a dhéanamh le haghaidh rothar a iompar ar thraenacha a bhfuil gá le háirithintí ina leith, agus leigheasanna a sholáthar chun spásanna forchoimeádta a dhiúltú gan údar (athródú faoi Airteagal 18, cúiteamh faoi Airteagal 19, cúnamh faoi Airteagal 20(2) den Rialachán). Ina theannta sin, tugtar isteach leis an Rialachán oibleagáidí stuála (spásanna ainmnithe a úsáid i gcás ina bhfuil siad ar fáil, stuáil atá faoi mhaoirseacht paisinéirí seachas sin lena gcuirtear cosc ar dhíobháil do dhaoine eile nó ar aon bhac ar oibríochtaí). Ceanglaítear ar ghnóthais iarnróid freisin teorainneacha agus coinníollacha toillte a fhoilsiú ar shuíomhanna gréasáin agus i stáisiúin, agus na sonraíochtaí teicniúla maidir le hidir-inoibritheacht na bhfeidhmchlár teileamaitice le haghaidh seirbhísí do phaisinéirí á gcur i bhfeidhm. Tugtar isteach leis an Rialachán freisin ceanglas, ón 7 Meitheamh 2025, nach mór líon leordhóthanach spásanna tiomnaithe le haghaidh rothair chóimeáilte (seachas rothair fhillte amháin) laistigh de chomhdhéanaimh traenach a ionchorprú sna nósanna imeachta soláthair i ndáil le rothstoc nua nó mór-uasghráduithe lena n-éilítear údarú feithicle nua lena cur ar an margadh (seachas carranna bialainne, codlata nó leaba suíocháin). Thairis sin, ceadaítear le hAirteagal 6(5) agus (6) do ghnóthais iarnróid nó d'údaráis inniúla faoi Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 pleananna a ghlacadh maidir le hiompar rothar tar éis comhairliúchán poiblí. In éagmais pleananna den sórt sin nó i gcás nach gcinntear leis na pleananna roinnt spásanna tiomnaithe le haghaidh rothair chóimeáilte, tá feidhm ag réamhshocrú ceithre spás thiomnaithe ar a laghad in aghaidh an chomhdhéanaimh traenach. Féadfaidh an ceanglas sin a bheith faoi réir eisceachtaí a bhfuil údar oibiachtúil leo (e.g. éileamh ar sciáil shéasúrach ar bhealaí íseal-timthrialla), agus féadfaidh na Ballstáit íoschoinníollacha níos airde a fhorchur le haghaidh cineálacha áirithe seirbhísí.

Is féidir forálacha Airteagal 6 a **dhíolmhú** i gcás seirbhísí iarnróid uirbeacha agus fo-uirbeacha do phaisinéirí (Airteagal 2(6)(a)), seirbhísí idirnáisiúnta a n-oibríonn cuid shuntasach díobh lasmuigh den Aontas (Airteagal 2(6)(b)), agus seirbhísí a oibrítear d'úsáid stairiúil nó turasóireachta amháin (Airteagal 2(2)). Mar sin féin, ní féidir forálacha Airteagal 6 a dhíolmhú agus tá feidhm iomlán acu i gcónaí maidir le seirbhísí iarnróid réigiúnacha do phaisinéirí (an dara fomhír d'Airteagal 2(8)) agus seirbhísí iarnróid fad-achair do phaisinéirí, a shainítear mar sheirbhísí neamhuirbeacha, neamh-fho-uirbeacha agus neamhréigiúnacha (Airteagal 3(15)). Áirithítear leis sin go leanfaidh ceanglais iompair rothar de bheith éigeantach le haghaidh na seirbhísí croíghréasáin sin. Ar an

([32]) BE, CZ, PT.
([33]) PT.
([34]) BE.

iomlán, níor baineadh úsáid fhorleathan as an bhféidearthacht an fhoráil sin a dhíolmhú ar fud na mBallstát: i gcás seirbhísí iarnróid uirbeacha nó fo-uirbeacha, thug seacht mBallstát fógra faoi dhíolúintí([35]), cé gur thug seacht mBallstát fógra faoi dhíolúintí ([36]) i ndáil le seirbhísí idirnáisiúnta a n-oibrítear cuid shuntasach díobh, lena n-áirítear stad stáisiúin sceidealta amháin ar a laghad, lasmuigh den Aontas.

Ó thaobh torthaí de, tugtar le fios sa staidéar tacaíochta go gceanglaíonn cúig Bhallstát ar ghnóthais iarnróid **pleananna rothar** a fhorbairt ([37]). In dhá Bhallstát, tá pleananna den sórt sin forbartha ag gnóthais iarnróid gan ceanglais náisiúnta ([38]). Leagtar amach an líon spásanna rothar i bpleananna rothar na ngnóthas iarnróid atá ag oibriú i gceithre Bhallstát ([39]). Léirítear sa staidéar tacaíochta gur bunaíodh na pleananna sin i gcomhairle leis an bpobal agus le heagraíochtaí ionadaíocha ábhartha.

Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, is cosúil freisin gur rith Ballstát amháin (an Fhrainc) **reachtaíocht náisiúnta lena leagtar síos líon íosta níos airde spásanna rothar**: ocht spás do thraenacha nua agus athchóirithe atá beartaithe le haghaidh seirbhísí rochtana oscailte, seirbhísí leasa náisiúnta agus seirbhísí réigiúnacha áirithe ([40]).

Fuarthas amach sa staidéar tacaíochta freisin go n-urramaíonn na gnóthais iarnróid atá ann faoi láthair agus atá ag feidhmiú in 17 mBallstát an **t-íoslíon de ceithre spás rothar** ([41]). In imthosca sonracha, áfach**,** d'fhéadfadh níos lú ná ceithre spás rothar a bheith ar fáil i seirbhísí a sholáthraíonn gnóthais iarnróid in 14 Bhallstát ([42]). D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla, mar gheall ar thoilleadh teoranta ar thraenacha, ar bhealaí nó ar sheirbhísí áirithe, nó mar gheall ar theorainneacha a leagtar síos le linn séasúir shonracha nó nuair a bhíonn plódú ann. Féadfaidh an t-íoslíon spásanna rothar a chuireann gach gnóthas iarnróid ar fáil a bheith éagsúil freisin de réir na traenach nó na seirbhíse. Ag an am céanna, i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó ná ceithre spás rothar ar fáil i seirbhísí arna soláthar ag gnóthais iarnróid atá ann faoi láthair in 11 Bhallstát ([43]). D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla, nuair a úsáidtear rothstoc níos nuaí.

Ós rud é gur tháinig Airteagal 6(4) den Rialachán i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2025, i mbeagnach gach Ballstát a bhfuil seirbhísí iarnróid acu, is cosúil go gcuireann gnóthais iarnróid a ndearnadh measúnú orthu sa staidéar tacaíochta íoscheanglais maidir le spás do rothair san áireamh anois agus rothstoc nua á **sholáthar** acu.

Léirítear sa staidéar tacaíochta freisin go n-éilíonn gnóthais iarnróid i mbeagnach gach Ballstát **táille** chun rothar a iompar ar bord traenach. Is iondúil go mbíonn na táillí seasta nó athraitheacha sin idir EUR 1.50 agus EUR 7.95. Éilíonn formhór na ngnóthas iarnróid

([35]) AT, BG, FR, HU, PT, RO agus SK. I gcás FR, níl feidhm ag an díolúine ar tugadh fógra ina leith maidir le hAirteagal 6(3) agus (4) den Rialachán.
([36]) BG, CZ, FI, HU, LV, PL, RO.
([37]) DE (amhail ó mhí na Nollag 2025), ES, FR, HU, LU; Le hAirteagal 6(5) den Rialachán, ceadaítear do na Ballstáit a cheangal ar údaráis inniúla agus ar ghnóthais iarnróid a oibríonn ar a gcríoch na pleananna sin a bhunú.
([38]) NL agus DE (in DE bhí pleananna rothar ann sular tháinig an ceanglas dlíthiúil náisiúnta i bhfeidhm maidir le plean a bheith ann).
([39]) DE, FR, HU, NL.
([40]) *Code des transports, Airteagal D1272-5*, arna chur isteach ag *Décret n 2021-41 du 19 janvier 2021 relatif à l'emport de vélos non démontés à Bord des trains de voyageurs*.
([41]) BE, CZ, DE, DK, EE, FI, FR, HU, IE, IT, LT, LU, LV, PT, RO, SI, SK.
([42]) BE, BG, DE, EL, ES, FI, FR, HU, IE, IT, NL, PL, SE, SI.
([43]) BE, DE, EE, EL, FI, FR, HU, LU, LV, PL, PT.

áirithintí roimh ré freisin, go háirithe i gcás seirbhísí ina bhfuil áirithintí suíochán éigeantach.

Is cosúil go gcuireann formhór na ngnóthas iarnróid a chumhdaítear leis an staidéar tacaíochta **srian oibríochtúil** de chineál éigin (e.g. buaicuaireanta, rialacha séasúracha, srian ar sheirbhísí athsholáthair bus), lena n-áirítear i ndáil le meáchan agus toisí rothar arna n-iompar (e.g. srianta ar rothair lasta nó ar 'rothair ramhra').

Go hachomair, is cosúil go bhfuil leibhéal maith cur chun feidhme ann go ginearálta a chruthaigh móiminteam dearfach freisin chun borradh a chur faoi iompar rothar ar thraenacha.

Ar bhonn na dtuarascálacha comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe, bhí minicíocht íseal gearán a bhaineann le rothair sna Ballstáit a ndearnadh athbhreithniú orthu. Thaifead dhá chomhlacht náisiúnta forfheidhmithe ([44]) dhá ghearán, agus thaifead comhlacht náisiúnta forfheidhmithe ([45]) eile gearán amháin; thug comhlacht náisiúnta forfheidhmithe ([46]) amháin le fios gur ar rothair a bhí 0,7% de na gearáin a fuair sé. Tá comhlacht náisiúnta forfheidhmithe ([47]) eile ag déanamh faireacháin ar cé acu a thaispeántar nó nach dtaispeántar faisnéis maidir le hiompar rothar ar shuíomhanna gréasáin na n-iompróirí agus cé acu atá nó nach bhfuil gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin beartaithe aige amach anseo. Maidir leis an bhfaireachán ginearálta a dhéanann comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe ar Airteagal 6 den Rialachán, is gá faireachán leanúnach a dhéanamh agus, i gcás inarb ábhartha, ní mór gníomhaíocht a dhéanamh maidir leis an líon íosta rothar ar thraenacha agus maidir leis an bhfaisnéis do phaisinéirí maidir leis na coinníollacha a bhaineann le rothair a iompar.

2.4. Faisnéis taistil fíor-ama (Airteagal 10)

Le hAirteagal 10 den Rialachán, tugadh isteach an fhéidearthacht rochtain a fháil ar fhaisnéis fíor-ama maidir le moilleanna, áirithintí agus infhaighteacht chun an margadh ticéadaithe iarnróid a dhéanamh níos dinimiciúla agus chun díol ticéad níos nuálaí a spreagadh. Leis an bhféidearthacht sin, ba cheart é a chur ar a gcumas d'iompróirí iarnróid, díoltóirí ticéad agus tionscnóirí turas éagsúla ticéid chuachta ó iompróirí éagsúla a dhíol agus le haghaidh naisc éagsúla. Thairis sin, baintear leis an airteagal an t-idirdhealú a bhí ann roimhe sin idir paisinéirí i gcás nach bhfaigheann ach na paisinéirí a cheannaigh an ticéad go díreach ón ngnóthas iarnróid faisnéis iomlán faoi mhoilleanna (a tharlaíonn i bhfíor-am, má thairgeann an t-iompróir faisnéis den sórt sin, mar shampla in aip) agus faoi dheiseanna nasctha breise chun leanúint ar aghaidh le turas.

In Airteagal 10 den Rialachán, a chuireann le hAirteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1371/2007, tá dhá fhoras chun sonraí a chomhroinnt idir gníomhaithe éagsúla san earnáil iarnróid i gcoitinne. Ar an gcéad dul síos, cuireann sé d'oibleagáid ar bhainisteoirí bonneagair sonraí fíor-ama teachta/imeachta traenach a dháileadh ar ghnóthais iarnróid, ar dhíoltóirí ticéad, ar thionscnóirí turas agus ar bhainisteoirí stáisiúin. Ar an dara dul síos, ní mór do ghnóthais iarnróid rochtain ar fhaisnéis íosta taistil (Iarscríbhinn II, Codanna I-II) agus rochtain ar oibríochtaí ar chórais áirithinte (Iarscríbhinn II, Cuid III) a sholáthar do ghnóthais iarnróid eile, do dhíoltóirí ticéad agus do thionscnóirí turas a dhíolann a gcuid seirbhísí. Mar a luaitear thuas, féadfaidh na Ballstáit an tAirteagal seo a dhíolmhú go dtí

([44]) BE, PT.
([45]) LT.
([46]) IT.
([47]) CZ.

an 7 Meitheamh 2030 mura bhfuil sé indéanta go teicniúil don bhainisteoir bonneagair an ceanglas a chomhlíonadh maidir le sonraí tráchta fíor-ama a chomhroinnt de réir na rialacha a leagtar síos le hAirteagal 10.

Mura bhfuil sé indéanta ar chúiseanna teicniúla do bhainisteoirí bonneagair sonraí tráchta fíor-ama a chur i láthair (i.e. ní féidir na sonraí sin a sholáthar d'aon eintiteas), féadfaidh Ballstát díolúine ón oibleagáid sin go dtí 2030 a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, ní mór don Bhallstát athmheasúnú a dhéanamh ar an gcás agus tuairisciú don Choimisiún Eorpach gach 2 bhliain. Tugadh isteach an oibleagáid tuairiscithe sin chun na deacrachtaí a dhéanamh trédhearcach agus chun cabhrú le dlús a chur leis an gcuardach ar réitigh ar fhadhbanna teicniúla den sórt sin.

Maidir le dáileadh sonraí fíor-ama ag bainisteoirí bonneagair faoi Airteagal 10(1) den Rialachán, thug sé Bhallstát ([48]) fógra don Choimisiún faoi **dhíolúine iomlán ón Airteagal seo go dtí 2030**. Tá fógra tugtha ag Ballstáit áirithe eile maidir le díolúintí sonracha ón Airteagal seo i gcás seirbhísí uirbeacha agus fo-uirbeacha ([49]); seirbhísí réigiúnacha ([50]); seirbhísí idirnáisiúnta lasmuigh den Aontas Eorpach ([51]); agus seirbhísí le haghaidh úsáid stairiúil nó turasóireachta ([52]).

Maidir leis an oibleagáid a fhorchuirtear ar **bhainisteoirí bonneagair** le hAirteagal 10(1) den Rialachán, léirítear sa staidéar tacaíochta dáileadh forleathan faisnéise tráchta fíor-ama ar ghnóthais iarnróid, ach soláthar míchothrom faisnéise fíor-ama do ghníomhaithe eile. De réir an staidéir, is cosúil go dtugann bainisteoirí bonneagair faisnéis tráchta fíor-ama do ghnóthais iarnróid in 22 Ballstát ([53]); bainisteoirí stáisiúin in 11 Bhallstát ([54]); díoltóirí ticéad in 12 Bhallstát ([55]); agus tionscnóirí turas in 10 mBallstát ([56]). Léirítear sa staidéar freisin go soláthraíonn bainisteoirí bonneagair sonraí saor in aisce in 12 Bhallstát ([57]). Tuairiscíodh fianaise ar ghaolmhaireachtaí conarthacha chun sonraí den sórt sin a sholáthar i roinnt Ballstát ([58]). Sa Fhrainc, taispeánann an bainisteoir bonneagair sonraí in dhá fhoirm. Baineann an chéad cheann le sonraí oscailte, atá saor in aisce do na gníomhaithe uile ar mian leo rochtain a fháil orthu. Ina theannta sin, tairgeann an bainisteoir bonneagair cineálacha éagsúla sonraí is féidir a chomhtháthú go díreach i gcórais gach gníomhaí, amhail díoltóirí ticéad agus tionscnóirí turas. Níl sonraí den chineál sin éigeantach do na dáileoirí ticéad sin, cé go spreagann an bainisteoir bonneagair a n-úsáid agus a n-infhaighteacht.

Maidir le hAirteagal 10(2) den Rialachán, lena gcuirtear d'oibleagáid ar **ghnóthais iarnróid** rochtain a thabhairt do ghnóthais iarnróid eile, do dhíoltóirí ticéad agus do thionscnóirí turas a dhíolann a gcuid seirbhísí ar íosmhéid faisnéise taistil mar a leagtar síos sa Rialachán, eascraíonn sé ó Airteagal 2(5) den Rialachán go gcuimsítear forálacha uile Airteagal 10 le díolúine ó Bhallstát. Dá bhrí sin, na Ballstáit chéanna a dhíolmhaigh

([48]) AT, HR, HU, LV, PL agus RO.
([49]) FR, LU, PT, SK.
([50]) FR, LU, PT, SK.
([51]) BG, CZ, FI.
([52]) BG, CZ, DE, FI, FR, IT, LT, NL, PT, SE, SK.
([53]) BE, BG, CZ, DE, DK, EE, EL, ES, FI, FR, HR, HU, IE, IT, LT, LV, PL, PT, RO, SE, SI, SK.
([54]) BE, BG, DE, ES, FI, FR, HU, IE, RO, SE, SI.
([55]) BE, CZ, DE, ES, FI, FR, HR, HU, IE, RO, SE, SI.
([56]) BE, CZ, DE, ES, FI, FR, HU, IE, SE, SI.
([57]) BE, BG, CZ, DK, ES, FI, IE, LT, PT, SE, SI, SK.
([58]) DE, EE, PT, RO, SK, SI. I gcás FR, cé nach bhféadfaí aon fhaisnéis a fháil ar an ábhar, tugann an fíoras go ngearrann an bainisteoir bonneagair muirear ar dháileadh sonraí fíor-ama áirithe le fios go bhféadfadh roinnt socruithe conarthacha a bheith ann.

Airteagal 10(1) den Rialachán, tá siad díolmhaithe freisin ó cheanglais Airteagal 10(2) den Rialachán.

Léiríonn an fhianaise atá ar fáil ón staidéar tacaíochta go gcomhroinneann gnóthais iarnróid an fhaisnéis is gá le gnóthais iarnróid eile in ocht mBallstát ([59]); in ocht mBallstát le díoltóirí ticéad ([60]) agus i gcúig Bhallstát le tionscnóirí turas([61]). Ina theannta sin, tugann an fhianaise le fios gur comhroinneadh faisnéis réamhthaistil in 11 Bhallstát ([62]); faisnéis a bhaineann leis an turas i seacht mBallstát ([63]); agus rochtain ar na hoibríochtaí ar chórais áirithinte in 10 mBallstát ([64]). A mhéid a bhaineann le muirir, gearrann gnóthais iarnróid in dhá Bhallstát ([65]) roinnt táillí ar a laghad, agus tá rochtain saor in aisce in 12 Bhallstát ([66]). Tuairiscíodh conarthaí foirmiúla nó socruithe eile le gnóthais iarnróid le haghaidh faisnéis íosta taistil i gceithre Bhallstát ([67]).

Léirítear i dtuarascálacha ó chomhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe go bhfuair roinnt comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe ([68]) gearáin maidir le faisnéis gan a shonrú ar bhain an gearán le faisnéis tráchta fíor-ama. Leag comhlacht náisiúnta forfheidhmithe ([69]) amháin béim ina thuarascáil ar a ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin maidir leis an tsaincheist sin.

2.5. Tréthicéid (Airteagal 12)

2.5.1. Oibleagáid tréthicéid a thairiscint do ghnóthais iarnróid amháin

Le hAirteagal 12(1) den Rialachán, tugadh isteach oibleagáid nua go ndéanfadh na gnóthais sin seirbhísí iarnróid fad-achair nó réigiúnacha do phaisinéirí arna n-oibriú ag ‘gnóthas iarnróid aonair’ ([70]) a thairiscint mar thréthicéad ([71]). Is é is aidhm don bheart seo cosaint níos cuimsithí a áirithiú do phaisinéirí a mbíonn naisc caillte rompu le linn a dturais agus infhaighteacht tréthicéad ar an margadh a mhéadú. Go háirithe, tá sé de cheart ag paisinéirí a bhfuil tréthicéad acu a chailleann nasc idir seirbhísí iarnróid a chumhdaítear leis an ticéad sin rogha a bheith acu idir aisíocaíocht phraghas an ticéid nó leanúint ar aghaidh le turas/athródú chuig an gceann scríbe deiridh; an ceart chun cúitimh (ach amháin i gcás inar aisíocadh an ticéad); agus an ceart chun cúnaimh (sólaistí, béilí, cóiríocht) ([72]).

Léirítear i dtorthaí an staidéir tacaíochta, i ngach Ballstát ina bhfuil seirbhísí iarnróid ar fáil, go ndéanfadh gnóthais iarnróid a cháilíonn mar ‘ghnóthas iarnróid aonair’ turais ar a

([59]) CZ, DE, LT, LU, NL, SE, SI, SK.
([60]) CZ, DE, LT, NL, PL, SE, SI, SK.
([61]) CZ, DE, NL, SE, SI.
([62]) BE, CZ, DE, DK, LT, LU, NL, PT, SE, SI, SK.
([63]) BE, DE, NL, PL, PT, SI, SK.
([64]) BE, DE, DK, LU, NL, PL, PT, SE, SI, SK.
([65]) FR, NL.
([66]) CZ, DK, FR, HU, LT, LU, NL, PL, RO, SE, SI, SK.
([67]) LU, PT, SI, SK.
([68]) BE, BG, EL, ES, HR, PL, RO.
([69]) EL.
([70]) Ní hamháin go n-áirítear leis an téarma ‘gnóthas iarnróid aonair’ seirbhísí de chuid an ghnóthais iarnróid chéanna, ach áirítear leis freisin seirbhísí de chuid na ngnóthas iarnróid uile atá faoi úinéireacht iomlán an úinéara chéanna, nó atá ina bhfoghnóthais ar lánúinéireacht de chuid ceann de na gnóthais iarnróid lena mbaineann.
([71]) Sainmhínítear tréthicéad in Airteagal 3(35) de Threoir 2012/34/AE an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar Eorpach aonair iarnróid mar ‘*thicéad nó ticéid atá in ionannas le conradh iompair le haghaidh seirbhísí iarnróid comhleanúnacha arna n-oibriú ag gnóthas iarnróid amháin nó níos mó*.’ Féach freisin Airteagal 3(9) de Rialachán (AE) 2021/782.
([72]) Mír 3 d’Airteagal 12 (*Tréthicéid*) den Rialachán.

seirbhísí iarnróid fad-achair agus réigiúnacha féin a thairiscint do phaisinéirí mar thréthicéad de ghnáth. Féadfar an comhlíonadh foriomlán sin a mhíniú le raon feidhme cúng na hoibleagáide atá teoranta do sheirbhísí 'gnóthas iarnróid aonair', i.e. seirbhísí an ghnóthais iarnróid chéanna nó seirbhísí roinnt gnóthas faoin úinéireacht iomlán chéanna.

Ina theannta sin, sainaithníodh roinnt gnéithe áirithe i roinnt Ballstát. Mar shampla, i Lucsamburg, tá taisteal iarnróid den dara grád ar sheirbhísí do phaisinéirí arna n-oibriú ag an bpríomhghnóthas iarnróid saor in aisce agus ní theastaíonn ticéad (tréthicéad) ([73]). San Ísiltír, tá córas náisiúnta seiceála isteach agus seiceála amach i bhfeidhm. Tosaíonn turais na bpaisinéirí nuair a sheiceálann siad isteach ag an stáisiún imeachta agus críochnaíonn siad nuair a sheiceálann siad amach ag stáisiún an chinn scríbe deiridh, gan beann ar aon aistriú, ar an gcineál seirbhísí iarnróid a úsáidtear ná ar athruithe ar an ngnóthas iarnróid. Sa chleachtas, is cosúil go bhfeidhmíonn sé sin mar chóras tréthicéadaithe.

2.5.2. Comhar le haghaidh seirbhísí iarnróid eile do phaisinéirí

I gcás seirbhísí iarnróid do phaisinéirí seachas seirbhísí fad-achair nó réigiúnacha arna n-oibriú ag gnóthais iarnróid aonair, luaitear in Airteagal 12(1) den Rialachán go ndéanfaidh gnóthais iarnróid gach iarracht réasúnta tréthicéid a thairiscint agus go gcomhoibreoidh siad le chéile chun na críche sin.

Maidir le seirbhísí iarnróid uirbeacha agus fo-uirbeacha do phaisinéirí, léirítear i dtorthaí an staidéir tacaíochta go dtairgtear tréthicéid freisin do na seirbhísí sin arna n-oibriú ag gnóthais iarnróid in 17 mBallstát ([74]). Is cosúil fiú go bhfuil siad á dtairiscint ag an bpríomhghnóthas iarnróid in dhá Bhallstát a thug fógra faoi dhíolúine ó Airteagal 12(1) den Rialachán maidir le seirbhísí (fo-)uirbeacha ([75]). Léiríonn na cásanna sin go bhféadfaí tréthicéid a thairiscint sa chleachtas ar bhonn níos forleithne le haghaidh na seirbhísí sin ná mar a d'fhéadfaí a thuiscint ón gcreat díolúine amháin. Os a choinne sin, is cosúil nach bhfuil tréthicéid le haghaidh seirbhísí (fo-)uirbeacha ar fáil i dtrí Bhallstát nár thug fógra faoi dhíolúine d'Airteagal 12(1) den Rialachán ([76]).

A mhéid a bhaineann le taisteal d'iarnród intíre (i.e. laistigh de Bhallstát amháin), fuarthas fianaise ar scéimeanna tréthicéadaithe lena gcumhdaítear roinnt gnóthas iarnróid i líon teoranta Ballstát:

- Sa tSeicia, faoi chóras *Oneticket*, gan beann ar an líon gnóthas iarnróid, meastar gur conradh iompair aonair é an turas iomlán nuair a dhéantar é laistigh de ghréasán iarnróid na tíre. Tá feidhm ag cearta paisinéirí maidir le cur isteach ar thaisteal ([77]).

- Sa Ghearmáin, glacann gnóthais iarnróid páirt i gcomhchóras táillí faoin *Deutschlandtarif*. Ticéid a eisítear le haghaidh turas arb é atá ann seirbhísí iarnróid de chuid gnóthas atá rannpháirteach sa *Deutschlandtarif* atá in aice láimhe go díreach, lena n-áirítear pasanna sealadacha amhail an Deutschlandticket míosúil, meastar gur tréthicéad iad faoin Rialachán. Baineann Deutschlandtarif go príomha le seirbhísí iarnróid réigiúnacha agus (fo-)uirbeacha do phaisinéirí arna soláthar ag

([73]) Dhíolmhaigh Lucsamburg seirbhísí iarnróid réigiúnacha intíre do phaisinéirí ó chur i bhfeidhm Airteagal 12(1) den Rialachán go dtí mí an Mheithimh 2028. Féach an staidéar tacaíochta le haghaidh na Tuarascála ar chur chun feidhme agus torthaí Rialachán (AE) 2021/782 maidir le cearta agus oibleagáid paisinéirí iarnróid, Roinn 2.6.4.1 *Infhaighteacht tréthicéad* sa tuarascáil chríochnaitheach.

([74]) BE, CZ, DE, DK, EE, EL, ES, FI, HR, HU, IE, LV, NL, RO, SE, SI, SK.

([75]) HU, SK.

([76]) IT, LT, PL.

([77]) https://oneticket.cz

thart ar 50 gnóthas iarnróid poiblí agus príobháideach agus ní áirítear leis seirbhísí fad-achair ó e.g. DB Fernverkehr AG, Flixtrain nó Eurostar ([78]).

- San Ungáir, meastar gur tréthicéid iad na ticéid uile le haghaidh turais intíre, lena n-áirítear ticéid le haghaidh turais lena gcumhdaítear roinnt gnóthais iarnróid éagsúla. Is iad MÁV agus GYSEV a oibríonn formhór na seirbhísí iarnróid intíre do phaisinéirí, áfach. Ní oibríonn an dara ceann ach roinnt seirbhísí iarnróid in iarthuaisceart na tíre. Tá GYSEV faoi pháirt-úinéireacht stát na hUngáire freisin, amhail MÁV ([79]).

- Sa Pholainn, comhoibríonn PKP Intercity le naoi ngnóthas iarnróid réigiúnacha chun ticéid chomhpháirteacha a thairiscint lena gcomhtháthaítear táillí (*Wspolny Billet*, nó WB). Ní bhaineann an ticéad WB le turais ar thraenacha TLK ([80]) nó Idirchathrach (IC) i gcarranna codlata nó leaba shuíocháin, ná le seirbhísí iarnróid arna n-oibriú ag gnóthais iarnróid a chinn gan a bheith rannpháirteach sa chomhar sin ([81]). I gcás moilleanna nó bacainní eile is cúis le naisc a chailleadh, is féidir le paisinéirí deimhniú moille a fháil chun leanúint ar aghaidh go coinníollach lena dturas ar an gcéad traein eile de chuid an ghnóthais iarnróid rannpháirtigh atá ar fáil, faoi réir suíochán a bheith ar fáil, agus ceart aisíocaíochta nó cúitimh ag an ngnóthas iarnróid eisiúna as an táille chomhtháite iomlán ([82]). Ní chumhdaítear leis an scéim, áfach, roinnt gnóthas iarnróid neamhspleách atá gníomhach ar mhargadh na Polainne amhail RegioJet agus Leo Express ([83]).

- Sa tSualainn, tugann Resplus an deis do phaisinéirí taisteal a chomhcheangal le roinnt oibreoirí iompair (traein, bus, bád farantóireachta, etc.) faoi thicéad Resplus amháin, a bhuí le comhar idir oibreoirí iompair phoiblí na Sualainne. Cumhdaítear le Resplus gach traein a thosaíonn nó a chríochnaíonn sa tSualainn. I gcás nasc a cailleadh le linn thuras Resplus, beidh feidhm ag *Kom-Fram-Garanti* (ráthaíocht teachta). Ciallaíonn sé sin go bhfuil an t-oibreoir iompair is cúis leis an bpaisinéir a nasc a chailleadh faoi dhliteanas as an méid seo a leanas: a áirithiú gur féidir leis an bpaisinéir leanúint dá thuras; roghanna malartacha a chur ar fáil le haghaidh atháirithintí; lóistín, bia agus deochanna a thairiscint; agus aisíocaíocht nó cúiteamh páirteach nó iomlán a thabhairt as an moill (le haghaidh turais chomhcheangailte ar faide ná 150 km a bhfad iomlán), agus úsáid á baint as na tairseacha agus na luachanna céanna atá sa Rialachán ([84]).

Is cosúil nach bhfuil comhar intíre idir gnóthais iarnróid chun tréthicéid a thairiscint ag tarlú i mBallstáit eile. I gcásanna áirithe, d'fhéadfaí é sin a mhíniú toisc nach soláthraíonn ach gnóthas iarnróid amháin paisinéirí iarnróid intíre ar a gcríoch faoi láthair.

([78]) Féach https://www.deutschlandtarifverbund.de/ueber-uns/ chomh maith le codanna A agus C de na coinníollacha maidir le táillí (*Tarifbedingungen*; leagan an 14 Nollaig 2025).
([79]) https://www.mavcsoport.hu/sites/default/files/upload/page/vasuti_uzletszabalyzat_25.10.01.pdf.
([80]) Is traenacha fad-achair iad TLK nó *Twoje Linie Kolejowe* ag a bhfuil níos mó stadanna agus luasanna níos ísle ná traenacha Intercity.
([81]) https://kolejedolnoslaskie.pl/wp-content/uploads/2024/06/Zalacznik-nr-2-do-ZW-WB_dane-przewoznikow.pdf.
([82])https://www.intercity.pl/pl/dokumenty/wspolny-bilet/tekst_ujednolicony_ZW-WB_zm_1-20_2507_2025.pdf.
([83]) Wspólny Bilet - Ministerstwo Infrastruktury - Portal Gov.pl.
([84]) https://samtrafiken.se/tjanster/resplus.

Tá comhar maidir le seirbhísí iarnróid trasteorann do phaisinéirí ar siúl ar bhonn deonach chun tréthicéid a thairiscint do roinnt turas a bhfuil nasc amháin nó níos mó acu, ach is cosúil nach ndéantar an comhar sin ar bhonn córasach laistigh den Aontas ([85]).

2.5.3. Faisnéis do phaisinéirí ar thréthicéid

Leanann sé ó Airteagal 12(2) den Rialachán, i gcás turais ina bhfuil nasc amháin nó níos mó, go gcuirfear an paisinéir ar an eolas sula gceannóidh sé ticéad nó ticéid más tréthicéad atá sa ticéad nó sna ticéid sin ([86]). Ó thaobh an phaisinéara de, tá an ceanglas sin ríthábhachtach chun an leibhéal cosanta a bhaineann leis an ticéad/na ticéid a thuiscint agus a réamh-mheas i gcás cur isteach ar thaisteal le linn turais a dhéanann difear do nasc an phaisinéara idir seirbhísí iarnróid éagsúla do phaisinéirí.

Fuarthas sa staidéar tacaíochta don tuarascáil seo go raibh modhanna éagsúla ann trína ndealraíonn sé go gcomhlíonann páirtithe leasmhara (gnóthais iarnróid atá ann faoi láthair den chuid is mó) an ceanglas sin maidir le faisnéis réamhcheannaigh. I measc na samplaí a luaigh páirtithe leasmhara tá lipéad nó fógra ag pointí éagsúla ama den phróiseas áirithinte ar líne ([87]), faisnéis ó bhéal ó bhaill foirne ag oifigí ticéad, deasca seirbhíse nó le linn díolacháin teileafóin, agus faisnéis i dtéarmaí agus coinníollacha an ghnóthais iarnróid. An tráth céanna, tuairiscítear sa staidéar freisin nach gcuirtear paisinéirí ar an eolas sula gceannaítear iad, i roinnt Ballstát, faoi cé acu an tréthicéad atá sa ticéad nó sna ticéid nó nach ea. I gcás roinnt Ballstát, d'fhéadfaí é sin a mhíniú toisc go meastar gur tréthicéid iad na ticéid intíre uile a cheannaítear in aon idirbheart amháin, rud a laghdaíonn an gá atá le paisinéirí a chur ar an eolas go sainráite sula gceannaítear iad ([88]). Leanann sé freisin ón staidéar tacaíochta gur easaontaigh an príomhghnóthas iarnróid agus an eagraíocht ionadaíoch paisinéirí i mBallstát amháin ar a laghad maidir le cé acu a soláthraíodh nó nár soláthraíodh an fhaisnéis sin sular ceannaíodh í ([89]).

Dealraíonn sé, dá bhrí sin, go bhféadfadh sé nach gcuirfí paisinéirí ar an eolas go comhsheasmhach i gcónaí sula gceannaíonn siad ticéad ar bhealach soiléir maidir le cé acu is tréthicéad é an ticéad nó na ticéid a cheannaíonn siad le haghaidh turas iarnróid nó nach ea. Mar gheall ar an raon modhanna cumarsáide a d'fhéadfadh a bheith ann ar fud na mBallstát chun an fhaisnéis sin a sholáthar do phaisinéirí ag amanna éagsúla sa phróiseas áirithinte – má thugtar an fhaisnéis ar chor ar bith – is deacair do phaisinéirí a mbealach a dhéanamh tríd an bpróiseas chun an fhaisnéis a fháil agus chun a gcearta a thuiscint. Is mó fadhbanna fós a bhaineann leis sin i gcás ina ndéanann paisinéir turas le roinnt gnóthas iarnróid (in éagmais oibleagáid tréthicéid a sholáthar), rud a d'fhéadfadh a bheith amhlaidh i roinnt Ballstát.

Luaitear i dtuarascáil ó chomhlacht náisiúnta forfheidhmithe amháin gearán a bhaineann le faisnéis faoi thréthicéid, gan aon sonraí breise a thabhairt ([90]).

([85]) Féach SWD(2026) 233.
([86]) Leanann sé ó aithrisí 24 agus 25 den Rialachán nach mór an fhaisnéis sin a thabhairt 'go soiléir'.
([87]) Mar shampla, tar éis don phaisinéir an turas a roghnú agus uaireanta díreach roimh íocaíocht amháin.
([88]) FI, SE.
([89]) Go háirithe, tá an staid faoi dhíospóid san Ísiltír: tuairiscíonn an gnóthas iarnróid go gcuirtear paisinéirí ar an eolas sula gcuirtear an ceannach i gcrích, ach measann an eagraíocht paisinéirí nach gcuirtear ar an eolas go córasach iad.
([90]) HU.

2.5.4. Dliteanas i leith tréthicéad

I gcomhréir le hAirteagal 12(3) den Rialachán, agus mar a luadh thuas, i gcás ina ndíoltar turas lena n-áirítear nasc amháin nó níos mó mar thréthicéad, beidh an gnóthas iarnróid faoi dhliteanas aisíocaíocht nó athródú ([91]) a dhéanamh leis an bpaisinéir, cúiteamh ([92]) agus cúnamh ([93]) a thabhairt dó má chailleann sé nasc amháin nó níos mó.

Sa staidéar tacaíochta, cé nach raibh formhór na bpáirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo ar fud na mBallstát a scrúdaíodh in ann faisnéis a sholáthar maidir leis an tsaincheist, tugtar le fios san fhianaise atá ar fáil, ó ghnóthais iarnróid atá ann faoi láthair go príomha, go roghnaíonn formhór mór na bpaisinéirí athródú nuair a chailleann siad naisc ar thurais a cheannaítear le tréthicéid ([94]).

Cuirtear san áireamh sa Rialachán freisin cás ina ndíolann gnóthas iarnróid, ar a thionscnamh féin, teaglaim ticéad le haghaidh turais a bhaineann le gnóthais iarnróid nach cuid den ghnóthas iarnróid céanna iad, agus go ndéanann sé amhlaidh in aon idirbheart tráchtála amháin. Sa chás sin, glactar leis go ginearálta gur tréthicéad é sin – ach amháin má chuireann an gnóthas in iúl don phaisinéir, roimh an gceannach, gur conarthaí iompair ar leithligh iad na ticéid ([95]).

Tá faisnéis chruinn maidir leis an tseirbhís iarnróid ríthábhachtach chomh maith nuair a cheannaíonn paisinéirí ticéid ó dhíoltóir ticéad nó ó thionscnóir turas. I gcás ina ndíolfaidh díoltóirí ticéad nó tionscnóirí turas ticéid ar leith mar chuach in aon idirbheart tráchtála amháin, ba cheart dóibh an paisinéir a chur ar an eolas go soiléir, sula gceannaíonn sé ticéid, nach dtugtar an leibhéal céanna cosanta leis na ticéid sin agus a thugtar le tréthicéid, agus nár eisigh an gnóthas iarnróid nó na gnóthais iarnróid a sholáthraíonn an tseirbhís na ticéid sin mar thréthicéid. Seachas sin, beidh an díoltóir ticéad nó an tionscnóir turas faoi dhliteanas an méid iomlán a íocadh san idirbheart sin as an ticéad nó na ticéid a aisíoc agus, thairis sin, cúiteamh is ionann le 75 % den mhéid sin a íoc i gcás ina gcaillfidh an paisinéir nasc amháin nó níos mó ([96]).

Is cosúil go dtugtar le fios i dtorthaí an staidéir tacaíochta, i gcomhréir leis na conclúidí a rinneadh i Roinn 2.5.3 thuas, i gcás ina dtugtar faisnéis maidir le cineál conarthach ar leith na dticéad do phaisinéirí, go ndéantar é ar bhealaí éagsúla sula gceannaítear iad (e.g. ar shuíomh gréasáin nó le linn an phróisis áirithinte ar líne) nó tar éis iad a cheannach trí theachtaireacht ar an ticéad. I roinnt Ballstát, ní fhéadfaí aon fhianaise a aimsiú gur cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil, rud a d'fhéadfaí a mhíniú i gcásanna áirithe toisc go meastar gur tréthicéid iad na seirbhísí iarnróid intíre uile do phaisinéirí sa Bhallstát sin.

Chun cur leis an gcastacht sin, déantar foráil sa Rialachán maidir le córas díolúine faoina bhféadfaidh na Ballstáit, faoi réir coinníollacha sonracha, seirbhísí áirithe iarnróid ([97]) a dhíolmhú ó na hoibleagáidí in Airteagail 18 go 20 den Rialachán (i.e. aisíocaíocht nó athródú, cúiteamh, agus cúnamh). Tá feidhm ag na díolúintí sin cibé acu atá nó nach bhfuil

([91]) Airteagal 18 (*Aisíocaíocht agus athródú*) den Rialachán.
([92]) Airteagal 19 (*Cúiteamh*) den Rialachán.
([93]) Airteagal 20 (*Cúnamh*) den Rialachán.
([94]) Fuarthas amach sa staidéar tacaíochta freisin nach n-iarrann roinnt paisinéirí aisíocaíocht ná athródú ach go dtréigeann siad a dturas gan aisíocaíocht a iarraidh d'ainneoin iad a bheith incháilithe. Mar shampla, mheas an Ghearmáin an méid seo a leanas: Roghnaíonn 60-70 % de phaisinéirí athródú, roghnaíonn 10-15% díobh aisíocaíocht, roghnaíonn 20-30% díobh cúitimh agus iarrann thart ar 5 % díobh cúnamh.
([95]) Féach mír 4 d'Airteagal 12 (*Tréthicéid*) agus aithris 24 den Rialachán.
([96]) Féach míreanna 4 agus 5 d'Airteagal 12 (*Tréthicéid*), chomh maith le haithris 25 den Rialachán.
([97]) Féach Airteagal 2 (*Raon feidhme*) den Rialachán, agus Roinn 2.1 thuas.

tréthicéad ag an bpaisinéir. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh cásanna a bheith ann ina gceanglaítear ar ghnóthais iarnróid tréthicéid a thairiscint le haghaidh cineál seirbhíse ar leith faoi Airteagal 12(1), agus go bhfuil an cineál seirbhíse céanna díolmhaithe, go pointe áirithe, ó na rialacha dliteanais comhfhreagracha maidir le naisc a chaillteart faoi Airteagail 18 go 20 ([98]).

Tá comhaontuithe earnála iltaobhacha déanta ag roinnt gnóthais iarnróid chun cúnamh a thabhairt do phaisinéirí má chailleann siad nasc idir seirbhísí iarnróid gnóthas éagsúil nach gcumhdaítear le tréthicéad (e.g. Comhaontú maidir le Leanúint leis an Turas (AJC) ([99]), Léim ar an gCéad Traein Eile atá ar Fáil (HOTNAT)([100]). Is cosúil go gcuireann an socrú dlíthiúil foriomlán maidir le dliteanas agus soláthar faisnéise do phaisinéirí le staid ina bhfuil deacrachtaí ag paisinéirí a gcearta a bheith ar eolas acu i gcás ina gcaillteart nasc le linn a dturais iarnróid ([101]).

Tagraítear i dtuarascáil ó chomhlachtanáisiúnta forfheidhmithe ([102]) amháin do dhá ghearán a bhaineann le dliteanas i leith turais leanúnacha agus cé acu atá nó nach bhfuil feidhm ag an dliteanas i leith tréthicéad. I gcás amháin, measadh go raibh sé sin amhlaidh, ach níorbh amhlaidh a bhí sa chás eile.

2.6. An ceart chun féin-athródaithe (Airteagal 18(3))

Tugtar isteach le hAirteagal 18(3) den Rialachán ceart do phaisinéirí 'féin-athródú' a dhéanamh, rud a chiallaíonn nach amháin gur féidir le paisinéirí plean taistil malartach a aimsiú as a stuaim féin nuair nach gcuireann an gnóthas iarnróid rogha mhalartach inmharthana ar fáil (láithreach). Ciallaíonn sé sin freisin, níos tábhachtaí fós, gur féidir le paisinéirí aisíocaíocht a fháil ón ngnóthas iarnróid as na costais a bhaineann lena bplean taistil féin a dhéanamh. In éagmais ceart den sórt sin, bheadh paisinéirí a athródaíonn iad féin i dteideal aisíocaíocht a fháil ar phraghas an ticéid ar a mhéad agus bheadh deacrachtaí acu costais socruithe ag an nóiméad deireanach a aisghabháil de réir na rátaí lae is infheidhme (a d'fhéadfadh a bheith i bhfad níos airde ná praghas an ticéid bunaidh nuair a chuirtear in áirithe é).

Tá cur chuige dhá chéim do phaisinéirí san fhoráil seo den Rialachán.

Luaitear sa chéad fhomhír d'Airteagal 18(3) den Rialachán go bhféadfaidh an gnóthas iarnróid cead a thabhairt don phaisinéir, arna iarraidh sin dó, conarthaí a thabhairt i gcrích le soláthraithe eile seirbhísí iompair a chuirfidh ar chumas an phaisinéara a gceann scríbe deiridh a bhaint amach faoi choinníollacha inchomparáide, agus sa chás sin aisíocfaidh an

([98]) Chun anailís níos mionsonraithe a fháil ar dhíolúintí na mBallstát is infheidhme maidir le tréthicéid, féach an staidéar tacaíochta don Tuarascáil ar chur chun feidhme agus ar thorthaí Rialachán (AE) 2021/782 maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid, Roinn 2.6.4.3 den tuarascáil chríochnaitheach, maidir le rialacha dliteanais i gcomhthéacs tréthicéad.

([99]) Féach an bhileog faisnéise is déanaí ar AJC ar shuíomh gréasáin an Choiste um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród, a foilsíodh i mí na Nollag 2025: https://www.cit-rail.org/media/files/civ-products-april-2025/ajc_leaflet_2025-12-14_en.pdf?cid=437997 (Tabhair faoi deara: ní comhaontú poiblí é an comhaontú iomlán).

([100]) Féach suíomh gréasáin Railteam: https://www.railteam.eu/en/services-on-your-journey/hop-on-the-next-available-train-hotnat/. Ní bhaineann HOTNAT ach le líon teoranta oibreoirí iarnróid ardluais ar le Railteam iad (Deutsche Bahn, Eurostar, ÖBB, SNCF, SBB, SNCB/NMBS agus NS). Ní chlúdaíonn sé ach a líonra ardluais.

([101]) Athbhreithniú spriocdhírithe ar Rialachán (AE) 2021/782 maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid Glao ar Fhianaise.

([102]) DK.

gnóthas iarnróid leis an bpaisinéir na costais arna dtabhú. Leis sin, glactar leis go n-aontaíonn an gnóthas iarnróid le hiarraidh an phaisinéara.

Tugadh isteach ceart nua leis an dara fomhír d'Airteagal 18(3) den Rialachán ionas gur féidir leis an bpaisinéir iompar poiblí malartach d'iarnród, de chóiste nó de bhus a eagrú agus aisíocaíocht a fháil ón ngnóthas as an gcostas 'riachtanach, iomchuí agus réasúnach' a bhaineann leis an ticéad breise mura dtairgfidh gnóthas iarnróid réiteach tráthúil do phaisinéir laistigh de 100 nóiméad i gcás ina gcuirfear isteach ar a thuras. Tar éis 100 nóiméad a bheith caite, ní theastaíonn toiliú an iompróra ón bpaisinéir a thuilleadh chun iompar malartach a eagrú.

I seacht mBallstát, tá **seirbhísí iarnróid réigiúnacha** díolmhaithe go sainráite faoi láthair ó chur i bhfeidhm Airteagal 18(3) ([103]). Tá an díolúine sin le dul in éag an 7 Meitheamh 2028 ([104]). I gcás **seirbhísí uirbeacha agus fo-uirbeacha**, níl feidhm ag Airteagal 18(3) in 10 mBallstát ([105]). I sé Bhallstát ([106]), díolmhaítear **seirbhísí iarnróid idirnáisiúnta** chuig tríú tíortha ó chur i bhfeidhm Airteagal 18.

Léirítear sa staidéar tacaíochta léargas ilroinnte ar chur i bhfeidhm praiticiúil na chéad fhomhíre d'Airteagal 18(3) (i.e. i gcás inar gá toiliú an ghnóthais iarnróid le hiarraidh an phaisinéara ar fhéin-athródú). Cé go ndealraíonn sé go gcuireann formhór na ngnóthas iarnróid a scrúdaíodh ar chumas paisinéirí a dturas malartach féin a shocrú i gcás cur isteach, d'fhéadfadh feidhmiú an chirt sin agus aisíocaíocht chomhfhreagrach na gcostas a bheith faoi réir coinníollacha áirithe ag cuid de na gnóthais sin. Áirítear orthu sin traein dheireanach an lae oibriúcháin, moilleanna fada nó easpa faisnéise, neamhábaltacht an iarnróid rogha oiriúnach a thairiscint, nó féadfar an ceart chun aisíocaíochta a theorannú do mhodhanna áirithe iompair (iarnród nó bus/cóiste) nó do roghanna malartacha ar chostas íseal. I gcúpla Ballstát, tuairiscítear freisin gur cosúil go mbraitheann gnóthais iarnróid ar a n-inniúlacht féin roghanna malartacha a eagrú, agus nach n-aisíocann siad iompar féin-eagraithe de ghnáth ([107]). I roinnt Ballstát, tuairiscíodh tuairimí éagsúla maidir le cur i bhfeidhm an chirt nua sin idir gnóthais iarnróid, ar thaobh amháin, agus eagraíochtaí paisinéirí nó comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe ar an taobh eile ([108]).

Maidir leis an dara fomhír d'Airteagal 18(3) den Rialachán (i.e. nuair nach bhfuil gá le toiliú an ghnóthais iarnróid a thuilleadh tar éis 100 nóiméad), maíonn formhór na ngnóthas iarnróid go n-aisíocann siad paisinéirí a fheidhmíonn a gceart chun féin-athródaithe. Mar sin féin, ní léiríonn torthaí an staidéir tacaíochta amháin an bhfuil an ceart sin á urramú go comhsheasmhach sa chleachtas.

Deimhnítear leis na torthaí sin barúlacha ECC-Net ina léirítear dúshláin a bhaineann le cur i bhfeidhm Airteagal 18(3) den Rialachán. Mar shampla, is minic nach mbíonn paisinéirí ar an eolas faoin teorainn ama 100 nóiméad agus shainaithin siad go bhfuil sí neamhphraiticiúil i gcásanna traenach deiridh, i gcur isteach ar thraenacha oíche, agus i dturais chasta trasteorann. Tharraing ECC-Net aird freisin ar an easpa aerthaistil mar

([103]) BG, LU, PL, PT, RO, SK, SE (le haghaidh seirbhísí iarnróid intíre lena gcumhdaítear níos lú ná 150 km). Ní cheadaítear díolúine ó Airteagal 18(3) den Rialachán ach go dtí an 7 Meitheamh 2028, i gcomhréir leis an bhfomhír dheireanach d'Airteagal 2(8) den Rialachán.

([104]) Féach mír 8 d'Airteagal 2 (*Raon feidhme*), an fhomhír dheireanach den Rialachán.

([105]) BG, FR, HU, LU, PL, PT, RO, SK, SE le haghaidh seirbhísí iarnróid intíre lena gcumhdaítear níos lú ná 150 km agus AT le haghaidh seirbhísí uirbeacha.

([106]) BG, CZ, FI, LV, PL, RO.

([107]) FI, RO.

([108]) BG, NL, SI.

mhodh iompair malartach bailí le haghaidh tairiscintí athródaithe faoi Airteagal 18(3) den Rialachán ([109]).

Thug comhlacht náisiúnta forfheidhmithe ([110]) amháin faoi deara ina thuarascáil dhébhliantúil go raibh gá níos mó le mínithe ar fhorfheidhmiú, go háirithe le haghaidh Airteagal 18. Ní chuireann forálacha Airteagal 18 ach deiseanna teoranta ar fáil don phaisinéir a thuras féin a eagrú. Thug comhlacht náisiúnta forfheidhmithe ([111]) eile faoi deara le linn imeacht amháin inar cuireadh roinnt turas traenach fad-achair ar ceal mar gheall ar stailc nó locht riain, nach raibh cead ag paisinéirí athródú saor ó chostas a roghnú in ionad an turais a cuireadh ar ceal. Tar éis idirghabháil NEB, rinne an gnóthas iarnróid bearta chun é féin a ailíniú leis na rialacha.

I bhfianaise an mhéid thuas, is cosúil nach gcuirtear an ceart chun féin-athródaithe a tugadh isteach leis an Rialachán i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud an Aontais. Is cosúil go n-eascraíonn cleachtais aisíocaíochta éagsúla as na rialacha – má chuirtear i bhfeidhm iad ar chor ar bith - rud a threisíonn an easpa soiléireachta a mheastar a bheith ann do phaisinéirí maidir leis an gceart sin.

2.7. Cúiteamh - Force majeure (Airteagal 19(10))

Leagtar síos in Airteagal 19(1) den Rialachán an prionsabal go bhfuil paisinéir i dteideal cúiteamh a fháil ón ngnóthas iarnróid má bhíonn moill roimhe nó roimpi idir an áit imeachta agus an ceann scríbe deiridh a luaitear ar an ticéad nó ar an tréthicéad nár aisíocadh an costas ina leith i gcomhréir le hAirteagal 18 den Rialachán. Leagtar síos sa Rialachán freisin an cúiteamh íosta i leith moilleanna, a shocraítear mar chéatadán de phraghas an ticéid ([112]). Le hAirteagal 19(10) den Rialachán, díolmhaítear gnóthais iarnróid ó chúiteamh as moilleanna a íoc i dtrí chás: (1) má chruthaíonn siad gur eascair an mhoill, an nasc a cailleadh, nó an cealú go díreach as imthosca urghnácha nach mbaineann le hoibríochtaí iarnróid. D'fhéadfaí a áireamh ar na himthosca urghnácha sin adhaimsir, mórthubaistí nádúrtha, nó mórghéarchéimeanna sláinte poiblí amhail paindéimí, d'ainneoin gach beart réasúnta a dhéanamh chun iad a sheachaint nó a mhaolú; (2) locht na bpaisinéirí; nó (3) gníomhartha sonracha tríú páirtí (e.g. sabaitéireacht, goid cáblaí), gan stailceanna ag foireann gnóthais iarnróid a áireamh, nó gníomhartha nó neamhghníomhartha ag gnóthais iarnróid eile, bainisteoirí bonneagair, nó bainisteoirí stáisiúin. Tá na forálacha sin neamhchosúil le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1371/2007, lenar forchuireadh dliteanas dian gan díolúintí den sórt sin (mar a dheimhnítear le cásdlí na Cúirte ([113])). Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin nach bhfuil feidhm ag an gclásal '*force majeure*' sin ach amháin maidir le cúiteamh agus nach ndéanann sé difear do chur i bhfeidhm ceart paisinéirí eile, amhail athródú agus cúnamh.

Níor dhíolmhaigh aon Bhallstát Airteagal 19(10) den Rialachán go sonrach. Mar sin féin, rinne roinnt Ballstát Airteagal 19 a dhíolmhú go hiomlán le haghaidh seirbhísí iarnróid fad-achair ([114]); seirbhísí iarnróid réigiúnacha ([115]) ; seirbhísí iarnróid uirbeacha agus fo-

([109]) Cearta Paisinéirí Iarnróid a Neartú i Líonra an Aontais Eorpaigh | de Lárionaid Eorpacha do Thomhaltóirí

([110]) DE.

([111]) FI, féach https://www.kkv.fi/paatokset/kuluttaja-asiat/kuluttaja-asiamiehen-ratkaisut/rautatieyrityksen-uudelleenreitityskaytannot-kaukojunamatkojen-peruuntuessa-lakon-tai-ratavian-takia/.

([112]) Go háirithe, is é an cúiteamh íosta 25 % de phraghas an ticéid le haghaidh moill idir 60 nóiméad agus 119 nóiméad agus 50 % de phraghas an ticéid le haghaidh moill 120 nóiméad nó níos mó.

([113]) Breithiúnas an 26 Meán Fómhair 2013, *ÖBB Personenverkehr*, C-509/11, EU:C:2013:613.

([114]) BG, HU, PT, RO, SK.

([115]) AT, BG, FI, HU, LU, PL, PT, RO, SE, SK.

uirbeacha ([116]); seirbhísí iarnróid a thairgtear d'úsáid stairiúil nó turasóireachta amháin ([117]); agus seirbhísí idirnáisiúnta do thríú tíortha ([118]).

Léirítear sa staidéar tacaíochta go bhfuil éagsúlacht ann idir na Ballstáit maidir le húsáid na díolúine sin. Fuarthas amach ann gur tuairiscíodh i gcás 13 Bhallstát ([119]) nach gcuireann na gnóthais iarnróid a ndearnadh anailís orthu sa staidéar an díolúine i bhfeidhm sa chleachtas agus go n-íocann siad cúiteamh fiú i gcás ina bhféadfadh moilleanna, cealuithe nó naisc a cailleadh a bheith nasctha le himthosca urghnácha. In 10 mBallstát ([120]), thuairiscigh na gnóthais iarnróid a scrúdaíodh sa staidéar gur agair siad an díolúine, gan aon chúiteamh a bheith íoctha i gcás ina dtarlaíonn moilleanna, cealuithe nó go gcailltear naisc mar gheall ar theagmhais ar léir nach bhfuil neart acu orthu (amhail drochaimsir, timpistí nó bagairtí slándála).

Fuarthas amach sa staidéar freisin gur cosúil go bhfaigheann paisinéirí cúiteamh in 19 mBallstát ó na gnóthais a scrúdaíodh nuair is stailceanna ag pearsanra an ghnóthais iarnróid, gníomhaíochtaí ag gnóthais eile a úsáideann an bonneagar céanna, nó ag bainisteoirí bonneagair agus stáisiúin is cúis le moilleanna, cealuithe agus naisc a chailltear ([121]). Sa Ghréig, ní luaitear go sainráite ach sealbhóirí cártaí ilturais a bheith incháilithe do chúiteamh i gcásanna stailce. Fuarthas amach sa staidéar freisin gur cosúil go ndéanann na gnóthais iarnróid a scrúdaíodh i gceithre Bhallstát ([122]) moilleanna, cealuithe agus naisc chaillte den sórt sin a eisiamh go hiomlán ó chúiteamh. Ní thairgeann an gnóthas iarnróid a scrúdaíodh sa Rómáin cúiteamh ach amháin i gcás stailceanna, ach ní thairgeann sé cúiteamh i leith gníomhaíochtaí eile arna ndéanamh ag tríú páirtithe ar an ngréasán.

Ar an iomlán, léiríonn an fhianaise atá ar fáil a bailíodh i gcomhthéacs an staidéir tacaíochta nach gcuirtear an clásal *force majeure* in Airteagal 19(10) den Rialachán i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud an Aontais. Go háirithe, dealraíonn sé go ndéanann na príomhghnóthais iarnróid i dtuairim is leath de na Ballstáit na forais díolúine maidir le cúiteamh a íoc a tugadh isteach leis an athbhreithniú ar an Rialachán in 2021 a ligean uathu agus go leanann siad de chúiteamh a íoc as na teagmhais a luaitear in Airteagal 19(10) den Rialachán. Ina theannta sin, dealraíonn sé, i líon teoranta cásanna, nach gcuirtear i bhfeidhm sa chleachtas ceart paisinéara leanúint de chúiteamh a fháil i gcás moilleanna, cealuithe agus naisc a chailltear mar gheall ar stailceanna ag pearsanra an ghnóthais iarnróid, gníomhaíochtaí ag gnóthais eile a úsáideann an bonneagar céanna, nó ag bainisteoirí bonneagair agus stáisiúin.

Luaigh comhlacht náisiúnta forfheidhmithe amháin ([123]) sa tuarascáil gur thug na forais eisiaimh a leagtar síos in Airteagal 19(10) den Rialachán ar phaisinéirí gearán a thaisceadh níos minice tar éis diúltú dá n-éileamh ar chúiteamh.

2.8. Foirm choiteann le haghaidh iarrataí ar aisíocaíocht agus ar chúiteamh (Airteagail 18(7) agus 19(6))

I gcomhréir le hAirteagal 18(7) agus Airteagal 19(6) den Rialachán, tá sé de cheart ag paisinéirí a n-iarrataí chuig gnóthais iarnróid ar aisíocaíocht agus ar chúiteamh a chur

([116]) AT, BG, FI, FR, HU, LU, PL, PT, RO, SE, SK.
([117]) BG, CZ, DE, FI, FR, HU, IT, LT, LV, NL, PL, PT, RO, SE, SK.
([118]) BG, CZ, FI, LV, RO.
([119]) AT, BE, CZ, DK, EL, ES, FI, HR, IT, LU, NL, SE, SK.
([120]) BG, DE, EE, FR, HU, LT, PL, PT, RO, SI.
([121]) AT, BE, DE, DK, EE, ES, FI, FR, HU, IE, IT, LT, LU, LV, NL, PT, SE, SI, SK.
([122]) BG, CZ, HR, PL.
([123]) DE.

isteach trí fhoirm choiteann a úsáid. Chuige sin, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/949 ón gCoimisiún ([124]). Ar bhonn na hIarscríbhinne a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, d'fhorbair an Coimisiún foirm choiteann i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, foirm atá oiriúnaithe do riachtanais daoine faoi mhíchumas amhairc. Tá an fhoirm sin le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin ([125]). Féadfar an fhoirm choiteann a chur isteach mar dhoiciméad fisiciúil nó trí mheán leictreonach ([126]). Dearadh an fhoirm ionas gur féidir le paisinéirí cineál na hiarrata a shonrú agus na sonraí is gá a sholáthar do ghnóthais iarnróid.

I ndáil leis sin, tugann an Coimisiún dá aire roinnt gnéithe sonracha a bhaineann le raon feidhme an chumhachtaithe atá in Airteagail 18 agus 19 de Rialachán (AE) 2021/782 chun rialacha cur chun feidhme a ghlacadh maidir leis an ábhar sin.

Ar an gcéad dul síos, ní féidir an fhoirm choiteann a úsáid ach amháin i ndáil le gnóthais iarnróid seachas díoltóirí ticéad agus tionscnóirí turas, a d'fhéadfadh a bheith faoi dhliteanas freisin paisinéirí a aisíoc agus a chúiteamh faoi na coinníollacha an-sonrach a thuairiscítear in Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2021/782. Is amhlaidh atá toisc nach bhfuil cumhachtú san fhoráil sin don Choimisiún rialacha cur chun feidhme a ghlacadh maidir leis an ábhar faoin Rialachán sin.

Ar an dara dul síos, d'fhéadfadh sé go mbeadh a bhfoirm ar líne féin nó córas comhchosúil i bhfeidhm ag roinnt gnóthais iarnróid ar a suíomh gréasáin nó trí aip mhóibíleach chun iarrataí ar aisíocaíocht nó ar chúiteamh a phróiseáil. Leis na foirmeacha nó na córais chomhtháite sin, ba cheart go mbeifí in ann iarrataí a láimhseáil ar bhealach níos éifeachtúla agus níos tráthúla. Ag an am céanna, leis an gcumhachtú chun rialacha cur chun feidhme atá in Airteagail 18 agus 19 den Rialachán a ghlacadh, ní cheadaítear ach foirm ar leith a chruthú ag an gCoimisiún ([127]) agus ní sholáthraítear bonn leis chun ábhar agus cur i láthair na bhfoirmeacha arna dtáirgeadh ag gnóthais iarnróid a rialáil.

Luaigh comhlacht náisiúnta forfheidhmithe amháin ([128]) an fhoirm choiteann faoi na gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin ina thuarascáil.

2.9. Mórshuaitheadh agus pleanáil theagmhasach (Airteagal 20(6))

Faoi Airteagal 20(6) den Rialachán, i gcás ina mbunaítear pleananna teagmhais de bhun Airteagal 13a(3) de Threoir 2012/34/AE ([129]), comhordóidh na gnóthais iarnróid leis na bainisteoirí stáisiúin agus leis na bainisteoirí bonneagair chun iad a ullmhú le haghaidh mórbhriseadh seirbhíse agus moilleanna fada ann a d'fhágfadh go mbeadh líon mór

([124]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/949 ón gCoimisiún an 27 Márta 2024 lena mbunaítear foirm choiteann le haghaidh iarrataí ó phaisinéirí iarnróid ar aisíocaíocht agus ar chúiteamh i ndáil le moilleanna, naisc a chailltear agus cealuithe seirbhísí iarnróid i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/782 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 2024/949, 2.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/949/oj

([125]) https://transport.ec.europa.eu/reimbursement-and-compensation-requests-form_en.

([126]) Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/949 ón gCoimisiún.

([127]) Sa tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Márta 2026, íoslódáladh na tuarascálacha sin 1.718 uair ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus rinneadh formhór na n-íoslódálacha sa 12 mhí dheireanacha den tréimhse sin.

([128]) EL.

([129]) Faoin bhforáil sin, ceanglóidh na Ballstáit ar ghnóthais iarnróid a oibríonn seirbhísí do phaisinéirí pleananna teagmhasacha a chur ar bun agus áiritheoidh siad go ndéanfar na pleananna teagmhasacha sin a chomhordú go cuí chun cúnamh a chur ar fáil do phaisinéirí, de réir bhrí Airteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 1371/2007, i gcás mórshuaitheadh ar sheirbhísí.

paisinéirí sáinnithe sa stáisiún. Áireofar sna pleananna teagmhais sin freisin ceanglais maidir le hinrochtaineacht córas rabhaidh agus córas faisnéise.

Maidir le díolúintí, cé nach féidir seirbhísí iarnróid fad-achair a dhíolmhú ón oibleagáid faoi Airteagal 20(6) den Rialachán, rinneadh seirbhísí iarnróid réigiúnacha a dhíolmhú in ocht mBallstát ([130]); díolmhaíodh seirbhísí iarnróid uirbeacha agus fo-uirbeacha in 10 mBallstát ([131]); díolmhaíodh seirbhísí stairiúla nó turasóireachta in 15 Bhallstát ([132]); agus díolmhaíodh seirbhísí idirnáisiúnta do thríú tíortha i seacht mBallstát ([133]).

Léiríonn an fhianaise atá ar fáil a bailíodh don staidéar tacaíochta go ndealraíonn sé go bhfuil gnóthais iarnróid in 18 mBallstát ([134]) ag comhordú le bainisteoirí stáisiúin agus bonneagair maidir le pleananna teagmhasacha le haghaidh mórshuaitheadh, agus inrochtaineacht daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe á cur san áireamh go foirmiúil freisin i gcórais foláirimh agus faisnéise. I gceithre Bhallstát, is cosúil go gcomhordaíonn gnóthais iarnróid le bainisteoirí stáisiúin agus bonneagair, ach níl pleananna teagmhasacha foirmiúla acu nó ní bhreithníonn siad saincheist na hinrochtaineachta laistigh díobh ([135]). I gceithre Bhallstát ([136]) eile, níl aon phlean teagmhasacha i bhfeidhm, nó ní bhfuarthas aon fhaisnéis shoiléir faoin ábhar.

Tá pleananna teagmhasacha den sórt sin ríthábhachtach chun freagairtí tapa, comhordaithe agus paisinéir-dhírithe ar shuaitheadh a áirithiú, lena n-áirítear faisnéis thráthúil, cúnamh, agus, i gcás inar gá, socruithe malartacha iompair. Ardaíodh an cheist freisin ag cruinniú an tSainghrúpa um Chearta Paisinéirí i mí na Nollag 2025 (foghrúpa do na comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe maidir le cearta paisinéirí iarnróid), inar mhol comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe dea-chleachtais a chomhroinnt maidir leis an gcaoi a bhforbraítear pleananna teagmhasacha ina mBallstát féin([137]). Tá sé tábhachtach dea-chleachtas a chomhroinnt chun cáilíocht agus comhsheasmhacht na pleanála teagmhasaí a neartú ar fud na mBallstát, agus chun athléimneacht fhoriomlán an chórais iarnróid a fheabhsú. Is próiseas leanúnach í an phleanáil theagmhasach seachas cleachtadh aonuaire, agus chuir roinnt tionóiscí a tharla le déanaí san earnáil iarnróid i dtábhacht a thábhachtaí atá sé pleananna teagmhasacha láidre tástáilte a bheith i bhfeidhm, chun paisinéirí a chosaint agus chun leanúnachas seirbhísí a áirithiú nuair a tharlaíonn suaitheadh tromchúiseach.

Luann roinnt comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe pleanáil theagmhasach ina dtuarascálacha agus tagraíonn siad do dhualgais faireacháin le haghaidh pleananna teagmhasacha ([138]) chomh maith le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin atá beartaithe don tréimhse thuairiscithe atá le teacht ([139]). Chuir comhlacht náisiúnta forfheidhmithe amháin ([140]) faisnéis ar fáil faoina ghníomhaíocht chun comparáid agus scrúdú a dhéanamh ar an

([130]) BG, HU, LU, PL, PT, RO, SE, SK.
([131]) AT, BG, FR, HU, LU, PL, PT, RO, SE, SK.
([132]) BG, CZ, DE, FI, FR, HU, IT, LT, LV, NL, PL, PT, RO, SE, SK.
([133]) BG, CZ, FI, HU, LV, PL, RO.
([134]) AT, BE, BG, CZ, DE, DK, ES, FR, HU, LI, LT, LU, LV, NL, PL, PT, SI, SK.
([135]) EE, HR, IT, SE.
([136]) EL, FI, IE, RO.
([137]) Féach an Clár de ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin agus d'eintitis eile den saghas céanna , An Sainghrúpa um Chearta Paisinéirí (E02861/5).
([138]) DE, EL.
([139]) CZ.
([140]) FI.

gcaidreamh idir an Rialachán agus reachtaíocht eile de chuid an Aontais agus reachtaíocht náisiúnta eile lena leagtar síos ceanglais maidir le pleananna teagmhasacha.

2.10. Daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe (Caibidil V)

Prionsabal lárnach amháin de reachtaíocht an Aontais maidir le cearta paisinéirí, lena n-áirítear cearta paisinéirí iarnróid, is ea deiseanna taistil a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe atá inchomparáide le daoine eile trí rialacha a bhunú maidir le neamh-idirdhealú agus maidir le cúnamh le linn a dturais ([141]). Cuireann roinnt forálacha nua sa Rialachán feabhas ar na forálacha atá ann cheana maidir le cúnamh do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe atá ag taisteal d'iarnród faoi Rialachán (CE) Uimh. 1371/2007. Tá cúnamh den sórt sin — arna sholáthar ag gnóthais iarnróid agus bainisteoirí stáisiúin — fíor-riachtanach, ós rud é nach bhfuil rochtain ag an ngrúpa sin ar go leor stáisiún agus traenacha ar fud an Aontais. Go dtí go mbainfear inrochtaineacht iomlán amach ar fud ghréasáin iarnróid na hEorpa, leanfaidh na paisinéirí sin de bheith ag brath ar chúnamh tiomnaithe chun taisteal.

Chun a áirithiú go gcuirfear cúnamh iomchuí ar fáil, is minic a bhíonn am ag teastáil ó ghnóthais iarnróid agus ó bhainisteoirí stáisiúin chun foireann oilte agus trealamh cuí a imscaradh. Dá bhrí sin, féadfaidh siad a cheangal ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe fógra a thabhairt roimh ré faoina riachtanais chúnaimh. Níl gnóthas iarnróid ná bainisteoir stáisiúin freagrach ach amháin as a ráthú gur féidir le duine faoi mhíchumas nó duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe dul ar bord na traenach, aistriú chuig nascsheirbhís iarnróid a bhfuil ticéad aige di, nó tuirlingt den traein má thugann an duine sin fógra roimh ré faoina riachtanais chúnaimh in am trátha. Ceann de na príomhéachtaí a baineadh amach leis an athbhreithniú ar an Rialachán in 2021 ba ea **am an réamhfhógra a laghdú faoina leath ó 48 uair an chloig go 24 uair an chloig** ([142]). Chun go mbeidh gnóthais iarnróid agus bainisteoirí stáisiúin in ann ullmhú don athrú sin, déantar foráil sa Rialachán maidir le hidirthréimhse: Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh tréimhse réamhfhógra níos faide suas le 36 uair an chloig a chur i bhfeidhm go dtí an 30 Meitheamh 2026. Chuige sin, bhí orthu fógra a thabhairt don Choimisiún faoin díolúine sin agus faisnéis a sholáthar freisin maidir leis na bearta a rinneadh nó atá beartaithe chun an tréimhse réamhfhógra a laghdú go 24 uair an chloig ([143]). Chuir ocht mBallstát ([144]) in iúl don Choimisiún go raibh an díolúine sin á húsáid acu. Os a choinne sin, fuarthas amach sa staidéar tacaíochta go n-éilíonn roinnt gnóthas iarnróid amanna réamhfhógra atá níos lú

([141]) Féach aithris 27 den Rialachán. Féach freisin an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle - Fís Eorpach do Phaisinéirí: Teachtaireacht maidir le Cearta Paisinéirí i ngach modh iompair (COM(2011) 898 final).

([142]) Féach an chéad fhomhír d'Airteagal 24(a) den Rialachán.

([143]) Féach an fhomhír dheireanach d'Airteagal 24(a) den Rialachán.

([144]) Bhain BG, CZ, HR, DE, HU, LV agus RO úsáid iomlán as an díolúine sin, agus níor bhain DK úsáid aisti ach amháin le haghaidh seirbhísí iarnróid trasteorann chuig DE. I gcás DE, tagraíonn an díolúine go ginearálta do thurais idirnáisiúnta ina bhféadfadh sé gur socraíodh tréimhse fógra éagsúil i measc na mBallstát. Sa chleachtas, cuirtear an díolúine sin i bhfeidhm i gcásanna aonair deacra.
Mar sin féin, ceanglaíonn gnóthais iarnróid atá ann faoi láthair in BG agus CZ ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe fógra a thabhairt roimh ré faoina riachtanais chúnaimh fiú 48 uair an chloig nó (i gcás traenacha áirithe in BG) níos mó roimh a dturas.
Níor bhain EE úsáid as an díolúine sin, ach ceanglaíonn a gnóthas iarnróid reatha fós ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe fógra a thabhairt faoi riachtanais chúnaimh 36 uair an chloig roimh ré.

ná 24 uair an chloig ([145]). Mar sin féin, eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas agus a thug freagra ar an gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara a rinneadh i gcomhthéacs an staidéir tacaíochta, thug siad le fios gur minic a bhíonn próisis réamhfhógra anásta agus neamhéifeachtach do go leor gnóthas iarnróid.

Tugadh isteach leis an Rialachán freisin an ceanglas, **i gcás ina gceanglaíonn gnóthas iarnróid go dtionlacfaí duine faoi mhíchumas nó duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe ar thraein**, nach gceadaítear ach amháin i gcás ina bhfuil géarghá leis chun rialacha rochtana neamh-idirdhealaitheacha an ghnóthais iarnróid a chomhlíonadh, amhail ar chúiseanna sábháilteachta, go mbeadh **an duine tionlacain i dteideal taisteal saor in aisce** agus, i gcás inarb indéanta, suí in aice leis an duine atá á thionlacan aige (Airteagal 23(1)(b) arna léamh i gcomhar le hAirteagal 21(2) den Rialachán). Féadfaidh daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a **madraí cuidithe** a iompar saor in aisce, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta ábhartha (Airteagal 23(1)(c) den Rialachán). Tríd is tríd, bhí na páirtithe leasmhara a d'fhreagair an comhairliúchán ar aon intinn go raibh an dá fhoráil sin curtha chun feidhme ina n-iomláine.

Foráiltear leis an Rialachán freisin, i gcás nach mbeidh oifig ticéad ná meaisín ticéadaithe inrochtana sa stáisiún imeachta agus nach mbeidh aon mhodh inrochtana eile ann chun ticéad a cheannach roimh ré, go mbeidh daoine faoi mhíchumas i dteideal **ticéid a cheannach ar bhord na traenach gan aon chostas breise** (an chéad fhomhír d'Airteagal 11(4) den Rialachán). Cé go bhféadfadh gnóthais iarnróid an ceart sin a theorannú nó a dhiúltú ar fhorais inchosanta a bhaineann le slándáil nó le háirithint traenach éigeantach, chuir formhór na ngnóthas iarnróid a scrúdaíodh sa staidéar tacaíochta an oibleagáid sin chun feidhme gan aon srian ([146]). Sna Ballstáit sin amháin ina bhfuil na stáisiúin iarnróid uile feistithe le meaisíní ticéad inrochtana ([147]), nó i gcás ina dtairgeann an gnóthas iarnróid roinnt roghanna malartacha eile (ticéid a cheannach ar líne, ar an bhfón, nó i siopaí áise i stáisiúin iarnróid nó gar dóibh) ([148]), ní cheadaíonn na gnóthais iarnróid d'aon duine (daoine faoi mhíchumas fiú) ticéid a cheannach ar bord na traenach.

Ceanglaítear leis an Rialachán ar ghnóthais iarnróid agus ar bhainisteoirí stáisiúin **cúiteamh a íoc as trealamh soghluaisteachta a cailleadh nó a ndearnadh damáiste dó([149])** bunaithe ar chostas athsholáthair nó deisiúcháin an trealaimh (Airteagal 25(1) den Rialachán), agus gach iarracht réasúnach a dhéanamh go tapa chun athsholáthairtí sealadacha a bhfuil gá leo láithreach a sholáthar le haghaidh trealamh soghluaisteachta (Airteagal 25(2) den Rialachán). Cé gur chloígh na gnóthais iarnróid agus na bainisteoirí stáisiúin go léir a scrúdaíodh sa staidéar tacaíochta leis an oibleagáid cúiteamh a íoc,

([145]) Mar shampla, éilíonn an chuideachta iarnróid atá ann faoi láthair sa Bheilg réamhfhógra 3 uair an chloig le haghaidh seirbhísí a imíonn ó na 41 stáisiún iarnróid is tábhachtaí nó a shroicheann iad, ceanglaíonn an chuideachta iarnróid atá ann faoi láthair san Ostair réamhfhógra 12 uair an chloig le haghaidh gach seirbhíse intíre, ceanglaíonn an chuideachta iarnróid atá ann faoi láthair i Lucsamburg réamhfhógra 1 uair an chloig le haghaidh seirbhísí intíre (ach i gcás seirbhísí tráthnóna agus oíche teastaíonn réamhfhógra tráth nach déanaí ná 20u30 le haghaidh imeachtaí ar an lá céanna). San Ísiltír, éilíonn an chuideachta iarnróid atá ann faoi láthair uair an chloig le haghaidh seirbhísí intíre, ach ar a laghad 24 uair an chloig le haghaidh seirbhísí idirnáisiúnta agus 36 uair an chloig le haghaidh seirbhísí chuig an nGearmáin. Sa Spáinn, tá gá le réamhfhógra maidir le riachtanais chúnaimh idir 30 nóiméad agus 12 uair an chloig roimh imeacht, ag brath ar an gcineál stáisiúin.

([146]) AT, BE, BG, CZ, DE, DK, EE, EL, ES, FI, FR, HR, HU, IE, IT, LT, LU, LV, PL, PT, RO, SI, SK.

([147]) An chuideachta iarnróid atá ann faoi láthair in NL.

([148]) SE.

([149]) Ní mór dóibh cúiteamh a íoc freisin as cailleadh madraí cuidithe, nó díobháil dóibh, arna n-úsáid ag daoine faoi mhíchumas agus ag daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe (Féach freisin mír 1 d'Airteagal 25 (*Cúiteamh i leith trealamh soghluaisteachta, feistí cúnta agus madraí cuidithe*) den Rialachán).

d'admhaigh formhór na ngnóthas iarnróid reatha nach féidir leo athsholáthar sealadach trealaimh soghluaisteachta a thairiscint.

Ceanglaítear leis an Rialachán ar ghnóthais iarnróid agus ar bhainisteoirí stáisiúin **oiliúint maidir le feasacht ar mhíchumas** a chur ar fáil do gach ball foirne atá dírithe ar chustaiméirí. Iad siúd a sholáthraíonn cúnamh díreach go rialta do phaisinéirí faoi mhíchumas nó do phaisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, ní mór dóibh oiliúint spriocdhírithe a fháil freisin, rud a thabharfaidh na scileanna is gá dóibh chun freastal ar riachtanais shonracha na bpaisinéirí sin (Airteagal 26(1) den Rialachán). Cé gur chuir na gnóthais iarnróid agus na bainisteoirí stáisiúin a scrúdaíodh sa staidéar tacaíochta oiliúint den sórt sin chun feidhme, is minic a chuireann eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas ábhair imní in iúl maidir le cáilíocht na hoiliúna. Tugann siad dá n-aire freisin nach gceanglaítear leis an Rialachán ar ghnóthais iarnróid ná ar bhainisteoirí stáisiúin páirt a thabhairt dóibh i ndearadh ná i soláthar na gclár oiliúna sin. Cé nach bhfuil aon oibleagáid den sórt sin ann, thuairiscigh formhór na gcuideachtaí iarnróid atá ann faoi láthair go raibh siad ag comhoibriú le heagraíochtaí míchumais chun na críche sin, nó go raibh a mbaill foirne féin faoi mhíchumas rannpháirteach in oiliúint den sórt sin.

Ceanglaítear leis an Rialachán ar ghnóthais iarnróid agus ar bhainisteoirí stáisiúin '**iarrachtaí réasúnta' a dhéanamh chun é a chur ar a gcumas do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe rochtain a fháil ar iompar iarnróid ag stáisiúin iarnróid nach bhfuil aon fhoireann oilte iontu** chun cúnamh a sholáthar dóibh, agus i gcás nach bhfuil foireann den sórt sin in éineacht leis na traenacha ar mian leo dul ar bord nó tuirlingt díobh ach oiread (Airteagal 23(1)(g) den Rialachán). De réir eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas, níor tháinig feabhsuithe fóinteacha as sin sa chleachtas. Cáineann na grúpaí sin an Rialachán freisin toisc nach n-éilíonn siad cúnamh leanúnach ag stáisiúin ina bhfuil pearsanra atá oilte chun cúnamh a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe aon uair a bhíonn traenacha ag gluaiseacht. Ina ionad sin, ní bhíonn cabhair riachtanach ach amháin nuair a bhíonn pearsanra oilte ar dualgas. Áitíonn na heagraíochtaí go gcuireann sé sin srian mór ar chearta daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe chun taisteal iarnróid comhionann neamhspleách a fháil, agus ar a saoirse chun aon traein a roghnú ([150]).

Chuir roinnt comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta in iúl go bhfuil **easpa soiléireachta** ag baint le **forálacha áirithe** a bhaineann le cúnamh do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, rud a chuireann bac ar a bhforfheidhmiú éifeachtach. Áirítear ar na débhríochtaí a cuireadh i dtábhacht an sainmhíniú ar bhainisteoir stáisiúin, na critéir lena gcinntear cathain is féidir a mheas go bhfuil foireann ag stáisiún nó ag traein (Airteagal 23(1)(d) go (g))([151]), agus brí bheacht na forála lena ráthaítear iompar saor in aisce do chúntóir pearsanta a bhíonn ag tionlacan duine faoi mhíchumas (Airteagal 21(1)(a)).

Ó glacadh an Rialachán roimhe seo maidir le cearta paisinéirí iarnróid, rinneadh comhlíonadh oibleagáidí cúnaimh gnóthas iarnróid agus bainisteoirí stáisiúin a mhúnlú go suntasach lena **rialacha rochtana neamh-idirdhealaitheacha** (Airteagal 23(2)), nach mór a fhorbairt le rannpháirtíocht ghníomhach ionadaithe daoine faoi mhíchumas (Airteagal 21(1)). Le foilsiú na rialacha rochtana neamh-idirdhealaitheacha sin, d'fhéadfaí

([150]) https://www.edf-feph.org/content/uploads/2021/06/EDF-analysis-of-the-adopted-Rail-Passengers-Righs-Regulation-2021.pdf

([151])Féach an Clár de ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin agus d'eintitis eile den saghas céanna , An Sainghrúpa um Chearta Paisinéirí (E02861/5).

a áirithiú gur féidir le daoine faoi mhíchumas foghlaim faoi rochtain go héasca agus a gcearta a fhorfheidhmiú. Tugadh faoi deara sa staidéar tacaíochta, ar bhonn taighde deisce a rinne eagraíocht a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas, nár chuir ach dornán gnóthas iarnróid agus bainisteoirí stáisiúin na rialacha rochtana neamh-idirdhealaitheacha le fáil go poiblí ar a suíomhanna gréasáin.

Ní mór do ghnóthas iarnróid, bainisteoir stáisiúin, díoltóir ticéad nó tionscnóir turas **faisnéis** a sholáthar (lena n-áirítear faisnéis i bhformáidí inrochtana), arna iarraidh sin, faoi inrochtaineacht stáisiún agus a saoráidí gaolmhara amhail spásanna páirceála agus siopaí, chomh maith le traenacha. Ina theannta sin, ní mór faisnéis inrochtana a thaispeáint ag stáisiúin nach bhfuil foireann iontu ionas go mbeidh a fhios ag an bpaisinéir conas cúnamh a fháil agus cá bhfuil an chéad stáisiún inrochtana eile le fáil (Airteagal 22 den Rialachán). Léirigh taighde deisce an staidéir tacaíochta ar leathanaigh ghréasáin agus aipeanna roinnt gnóthas iarnróid go soláthraíonn siad faisnéis inrochtaineachta ar leibhéil éagsúla, cé go raibh eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas an-chriticiúil le linn an chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara maidir le cur chun feidhme Airteagal 22. Níor ghlac ach líon beag eagraíochtaí (eagraíochtaí náisiúnta nó réigiúnacha den chuid is mó) a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas páirt sa chomhairliúchán spriocdhírithe a eagraíodh i gcomhthéacs an staidéir, inar díríodh go príomha ar chleachtais na ngnóthas iarnróid atá ann faoi láthair ina mBallstát. Leag siad béim ar roinnt saincheisteanna éagsúla: cumhdach neamhiomlán (e.g. sonraí maidir le hinrochtaineacht stáisiún ach ní traenacha), níl rochtain ag úsáideoirí lagamhairc ar leathanaigh bhaile iarnróid, is deacair faisnéis a aimsiú ar leathanach baile an ghnóthais iarnróid, agus tá i bhfad níos mó inneachair i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit ná i dteangacha eile. Ós rud é go raibh rannpháirtíocht eagraíochtaí míchumais teoranta sa chomhairliúchán, bheadh gá le hionchur níos leithne chun meastóireacht iomlán a dhéanamh ar éifeachtacht chur chun feidhme rialacha an Rialacháin sa réimse sin.

Croíphrionsabal a bhaineann le cuimsiú daoine faoi mhíchumas is ea rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas i gcinntí a dhéanann difear dá saol agus leas a bhaint as a gcuid eispéireas. Dá réir sin, leis na caighdeáin cáilíochta seirbhíse leasaithe ceanglaítear ar ghnóthais iarnróid dul i gcomhairle le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe maidir leis an gcaoi a soláthraítear cúnamh ([152]). Na tuarascálacha is déanaí ó ghnóthais iarnróid maidir le cur chun feidhme a gcaighdeán cáilíochta seirbhíse nár chomhlíon ach naoi ngnóthas iarnróid atá ann faoi láthair agus iontrálaí nua amháin an oibleagáid sin. Tá ardáin bhuana le haghaidh comhair bunaithe ag a bhformhór ([153]), cuireann cuid acu teorainn leis an gcomhar chun inrochtaineacht stáisiún agus traenacha a imscrúdú le chéile ([154]) nó chun páirt a thabhairt do na heagraíochtaí san oiliúint maidir le cúnamh míchumais a chuirtear ar fáil d'fhoireann iarnróid ([155]).

Féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar bhainisteoirí stáisiúin agus ar ghnóthais iarnróid a oibríonn ar a gcríoch comhoibriú chun **Pointí Teagmhála Aonair do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe** a bhunú agus a oibriú. Bheadh na Pointí Teagmhála Aonair sin freagrach as iarrataí ar chúnamh a fháil, iad a chur ar aghaidh chuig na bainisteoirí stáisiúin agus na gnóthais iarnróid ábhartha, agus faisnéis a sholáthar maidir le hinrochtaineacht. D'áiritheofaí le socrú den sórt sin nach gceanglófaí ar phaisinéirí faoi mhíchumas nó a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe iarrataí

([152]) Féach an pointe deireanach d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán.
([153]) Na cuideachtaí iarnróid atá ann faoi láthair AT, BE, DE, DK, FR, LU, NL, SK .
([154]) An chuideachta iarnróid atá in LV faoi láthair.
([155]) Cuideachta iarnróid ina nua-iontrálaí in ES, Ouigo na Spáinne.

iomadúla ar chúnamh a chur isteach, fiú i gcás ina mbeadh roinnt gnóthas iarnróid i gceist lena dturas (Airteagal 24(f) den Rialachán). Go dtí seo, níor thug ach Ballstát amháin ([156]) fógra don Choimisiún maidir leis an reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear ar bhainisteoirí stáisiúin agus ar ghnóthais iarnróid atá ag oibriú ar a chríoch chun Pointí Teagmhála Aonair a bhunú ([157]).

Ina dtuarascálacha ar ghníomhaíochtaí, tugann beagnach leath de na comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe ([158]) le fios go ndearna siad gníomhaíochtaí faireacháin nó forfheidhmithe (e.g. iniúchadh ar fhaisnéis faoi inrochtaineacht stáisiún, cúnamh a sholáthar ag stáisiún iarnróid, faisnéis ar shuíomhanna gréasáin gnóthas iarnróid, oiliúint maidir le cúnamh míchumais), agus thuairiscigh naoi gcomhlacht náisiúnta forfheidhmithe ([159]) go bhfuair siad gearáin faoi sháruithe líomhnaithe ar chearta daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.

2.11. Gearáin a láimhseáil agus a fhorfheidhmiú (Airteagal 28 agus Caibidil VII)

2.11.1. Láimhseáil gearán ag gnóthais iarnróid, bainisteoirí stáisiúin agus díoltóirí ticéad/tionscnóirí turas (Airteagal 28)

Tugadh isteach leis an Rialachán creat forfheidhmithe feabhsaithe lena n-áirítear rialacha nua maidir le **gearáin a láimhseáil**, amhail spriocdhátaí soiléire (Airteagal 28(2)) agus oibleagáid ar eintitis dhlítheanacha seachas gnóthais iarnróid nós imeachta a bheith acu chun gearáin a láimhseáil, lena n-áirítear do bhainisteoirí stáisiún a láimhseálann níos mó ná 10 000 paisinéir in aghaidh an lae ar an meán thar thréimhse 1 bhliain amháin (Airteagal 28(1)). De réir Airteagal 28(1) den Rialachán, féadfaidh paisinéirí gearán a chur faoi bhráid aon ghnóthais iarnróid nó aon bhainisteora stáisiúin maidir leis na cearta agus na hoibleagáidí a chumhdaítear leis an Rialachán seo ina réimsí freagrachta faoi seach. Ní mór gearán den sórt sin a chur isteach laistigh de 3 mhí ón teagmhas atá i gceist. Laistigh de 1 mhí amháin tar éis dó gearán a fháil, tabharfaidh an seolaí freagra réasúnaithe nó, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, cuirfidh sé in iúl don phaisinéir go bhfaighidh sé freagra laistigh de 3 mhí ón dáta a fuarthas an gearán. Coimeádfaidh gnóthais iarnróid agus bainisteoirí stáisiúin na sonraí is gá chun an gearán a mheas le linn an nós imeachta láimhseála gearán tríd síos, lena n-áirítear na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagail 33 agus 34, agus cuirfidh siad na sonraí sin ar fáil do chomhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe arna iarraidh sin. Ní mór rochtain a bheith ag an bpobal, lena n-áirítear ag daoine faoi mhíchumas agus ag daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, ar mhionsonraí an nós imeachta láimhseála gearán.

Fuarthas amach sa staidéar tacaíochta nach mór gearáin a chur isteach in 15 Bhallstát ([160]) laistigh de 3 mhí ón teagmhas lena mbaineann sé. I dtrí Bhallstát ([161]), shocraigh na gnóthais iarnróid atá ann faoi láthair sprioc-am de 1 bhliain amháin chun gearán a fháil. I

([156]) DE.
([157]) Airteagal 10(a) d'Acht Iarnróid na Gearmáine - *Allgemeines Eisenbahngesetz.*
([158]) BE, BG, DE, DK, EL, FR, HR, HU, IT, PT, RO, SK.
([159])AT, DE, EL, ES, HR, IT, PL, PT, SE.
([160]) BE, CZ, DE, EL, ES, FR, HR, HU, IT, LT, LV, PL, RO, SE, SI. Sa Bheilg, áfach, baineann an sprioc-am 3 mhí maidir leis an ngnóthas iarnróid atá ann faoi láthair sa Bheilg le seirbhísí idirnáisiúnta agus cúiteamh as moilleanna. Níl aon sprioc-am socraithe i ndáil le gearáin eile a bhaineann le seirbhísí náisiúnta. San Iodáil, áfach, de réir comhlachas paisinéirí, d'fhéadfadh an sprioc-am a bheith éagsúil de réir an ghnóthais iarnróid lena mbaineann.
([161]) AT, LU, SK.

dtrí Bhallstát ([162]), níl sprioc-am leagtha síos ag gnóthais iarnróid chun gearáin a chur isteach. I mBallstát amháin ([163]), bunaítear leis an dlí náisiúnta sprioc-am 6 mhí chun éilimh a chomhdú maidir le hiompar intíre, ach thug eagraíocht tomhaltóirí a ndeachthas i gcomhairle léi le haghaidh an staidéir dá haire go gcuirtear sprioc-am 3 mhí i bhfeidhm sa chleachtas. I mBallstát amháin ([164]), is é 30 lá an sprioc-am chun iarraidh ar aisíocaíocht nó ar chúiteamh a chur isteach i gcás moille, de réir choinníollacha ginearálta iompair an ghnóthais iarnróid atá ann faoi láthair.

Níor bhain ceithre Bhallstát ([165]) úsáid riamh as tréimhse sínithe suas le 3 mhí chun freagra a thabhairt ar ghearán, níor bhain 15 Bhallstát ([166]) úsáid as an rogha sin ach go hannamh, d'úsáid trí Bhallstát([167]) an síneadh uaireanta agus úsáideann Ballstát amháin ([168]) an síneadh go rialta.

2.11.2. Comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe a bhunú (Airteagal 31)

Ceanglaítear le hAirteagal 31(1) den Rialachán go n-ainmneoidh gach Ballstát **comhlacht nó comhlachtaí a bheidh freagrach as forfheidhmiú an Rialacháin seo**. Glacfaidh gach comhlacht na bearta is gá chun a áirithiú go n-urramaítear cearta na bpaisinéirí. Tá comhlacht náisiúnta forfheidhmithe amháin nó níos mó ainmnithe ag na Ballstáit uile seachas ceann amháin ([169]) chun cearta paisinéirí iarnróid a fhorfheidhmiú. Beidh gach comhlacht forfheidhmithe náisiúnta ainmnithe neamhspleách ó thaobh a eagraithe, a chinntí maoinithe, a struchtúir dhlíthiúil agus a chinnteoireachta de ar aon bhainisteoir bonneagair, ar aon chomhlacht muirearaithe nó leithroinnte nó ar aon ghnóthas iarnróid ([170]). Tá liosta de na comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe atá freagrach as Rialachán (AE) 2021/782 a chur i bhfeidhm le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin ([171]).

2.11.3. Forfheidhmiú ag comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe (Airteagal 32)

De réir Airteagal 32(2) den Rialachán, déanfaidh comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta dlúthfhaireachán ar chomhlíonadh an Rialacháin seo. Tabharfaidh gnóthais iarnróid, bainisteoirí stáisiúin agus bainisteoirí bonneagair, díoltóirí ticéad agus tionscnóirí turas na doiciméid ábhartha agus an fhaisnéis ábhartha na comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta arna iarraidh sin dóibh gan mhoill agus, in aon chás, laistigh de mhí amháin ón iarraidh a fháil. Tabharfaidh gnóthais iarnróid a sonraí teagmhála do chomhlacht náisiúnta forfheidhmithe nó do chomhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe na mBallstát ina n-oibríonn siad (Airteagal 32(4) den Rialachán). Níl aon fhaisnéis faighte ag an gCoimisiún ó chomhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe maidir le neamhchomhlíonadh na gceanglas sin.

([162]) FI, IE, NL.
([163]) BG.
([164]) PT.
([165]) AT, HR, LT, LU.
([166]) BG, CZ, DE, DK, EE, FI, FR, IE, LV, NL, PL, RO, SE, SI, SK.
([167]) ES, HU, IT.
([168]) PT.
([169]) CY. Cé nach bhfuil aon ghréasán iarnróid aige ar a chríoch (amhail MT), ní mór dó fós faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar rialacha an Rialacháin maidir le díoltóirí ticéad agus tionscnóirí turas. Féach Airteagal 31(4) den Rialachán.
([170]) Féach Airteagal 31(2) den Rialachán.
([171]) Comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe (NEB) - Soghluaisteacht agus Iompar.

2.11.3.1. Tuairisciú

Leagtar síos in Airteagal 32(3) den Rialachán an ceanglas atá ar chomhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe tuarascálacha débhliantúla a fhoilsiú ina bhfuil staidreamh maidir lena ngníomhaíocht, lena n-áirítear maidir leis na pionóis a chuirtear i bhfeidhm. Cuirfear na tuarascálacha sin le fáil ar shuíomh gréasáin Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh ([172]). Taispeántar tuarascálacha cáilíochta seirbhíse ([173]) a ngnóthas iarnróid ar an suíomh gréasáin céanna freisin, mar a cheanglaítear cheana féin faoi Rialachán (CE) Uimh. 1371/2007. Ní mór do chomhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe faireachán a dhéanamh freisin ar cé acu a bhunaíonn nó nach mbunaíonn gnóthais iarnróid caighdeáin cáilíochta seirbhíse agus ar cé acu a chuireann nó nach gcuireann siad córas bainistíochta cáilíochta chun feidhme chun cáilíocht seirbhíse a choinneáil ar bun. Fuarthas amach sa staidéar tacaíochta go gcumhdaítear go forleathan formhór na gcaighdeán cáilíochta seirbhíse a liostaítear in Iarscríbhinn III i dtuarascálacha cáilíochta seirbhíse na ngnóthas iarnróid a ndearnadh anailís orthu. Tugtar le fios i dtorthaí an staidéir freisin go bhfuil córas bainistíochta cáilíochta curtha chun feidhme ag gnóthais iarnróid atá ag oibriú in 23 Ballstát ([174]) den Aontas chun cáilíocht seirbhíse a choinneáil ar bun.

Is uirlis thábhachtach don fhorfheidhmiú iad tuarascálacha ar chaighdeáin cáilíochta seirbhíse. Thuairiscigh roinnt comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe ([175]) go dtagraíonn siad do na tuarascálacha cáilíochta seirbhíse agus faireachán á dhéanamh acu ar chur chun feidhme an Rialacháin agus aghaidh á tabhairt acu ar ghearáin ó phaisinéirí. Níor chlúmhdaigh comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe eile an ghné sin ina dtuarascálacha. Ar bhonn níos ginearálta, moltar do chomhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe faireachán a dhéanamh ar na tuarascálacha sin agus ba cheart dóibh a áirithiú go bhfoilseoidh gnóthais iad ar bhealach rialta agus tráthúil.

2.11.3.2. Cur isteach agus foilsiú laistigh den sprioc-am

Bhí an chéad tacar tuarascálacha le cur isteach an 7 Meitheamh 2025. Sheol comhlacht náisiúnta forfheidhmithe amháin ó Bhallstát amháin an tuarascáil laistigh den sprioc-am ([176]), sheol comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe ó 25 Bhallstát eile a dtuarascálacha roimh dheireadh 2025([177]), agus ní bhfuarthas aon tuarascáil ó Bhallstát amháin ([178]).

2.11.3.3. Ábhar na dtuarascálacha

Tá ról tábhachtach ag na haighneachtaí rialta sin chun córas forfheidhmiúcháin comhsheasmhach agus trédhearcach a áirithiú. Cuireann siad ar chumas an Choimisiúin agus na gcomhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe araon dearcadh trasearnálach uile-Aontais a choinneáil ar bun maidir leis an gcaoi a bhfuil cearta paisinéirí iarnróid á gcur chun feidhme, á bhforfheidhmiú agus faireachán á dhéanamh orthu ar an láthair. Tá an forléargas níos leithne sin fíor-riachtanach chun treochtaí a shainaithint, comhordú a fheabhsú, agus éifeachtacht fhoriomlán an chreata rialála a neartú. Forlíontar leis na tuarascálacha

([172]) Tuarascálacha ó Chomhlachtaí Náisiúnta Forfheidhmithe | Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh.
([173]) Tuarascálacha Cáilíochta Seirbhíse na nGnóthas Iarnróid | Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh
([174]) AT, BE, BG, CZ, DE, EE, ES, FI, FR, HR, HU, IE, IT, LT, LU, LV, NL, PL, PT, RO, SE, SI agus SK – i.e. nach bhfuil in DK, EL, CY agus MT.
([175]) HR, PL, BG, IE, HU, RO.
([176])BE.
([177]) AT, BG, CZ, DE, DK, EE, EL, ES, FI, FR, HR, HU, IE, IT, LT, LU, LV, MT, NL, PL, PT, RO, SE, SI.
([178])CY.

cruinnithe grúpa saineolaithe bliantúla maidir le cearta paisinéirí iarnróid arna n-eagrú ag an gCoimisiún, ina malartaíonn comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe a dtaithí maidir le cleachtais forfheidhmiúcháin, saincheisteanna atá ag teacht chun cinn agus réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann.

Léirítear roinnt treochtaí sa chéad sraith tuarascálacha a fuarthas in 2025. Tá comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe ag bogadh níos mó ná riamh ó láimhseáil gearán atá go hiomlán frithghníomhach i dtreo samhail forfheidhmiúcháin níos réamhghníomhaí bunaithe ar chigireachtaí, iniúchtaí agus seiceálacha téamacha (mar shampla maidir le moilleanna agus cealuithe, oibleagáidí faisnéise agus cúnamh do dhaoine faoi mhíchumas agus a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe). Tá sonraí gearáin á n-úsáid ar bhealach níos córasaí chun fadhbanna athfhillteacha a shainaithint, agus moilleanna, naisc a chailltear, cealuithe agus cúiteamh ag teacht chun cinn mar na foinsí díospóidí is minice, mar aon le heasnaimh leanúnacha i soláthar faisnéise agus, ar bhonn níos lú, inrochtaineacht. Tá foirmeacha struchtúrtha ar líne agus beolínte struchtúrtha ar líne á n-úsáid ag roinnt comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe chun gearáin a chatagóiriú, chun idirdhealú a dhéanamh idir saincheisteanna a chumhdaítear agus saincheisteanna nach gcumhdaítear leis an Rialachán, agus chun imscrúduithe a dhíriú ar réimsí ina bhfuil patrúin neamhchomhlíonta.

Tá **teimpléad don tuarascáil** curtha ar fáil ag an gCoimisiún ar féidir le comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe é a úsáid ar bhonn deonach. Is beag comhlacht náisiúnta forfheidhmithe a d'úsáid an teimpléad agus a thuarascáil 2025 á hullmhú aige ach rinne roinnt comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe achoimre ar an bhfaisnéis in aghaidh na roinne mar a mholtar sa teimpléad. Rinneadh na moltaí maidir leis an méid a d'fhéadfaí a chur san áireamh sa tuarascáil a ailíniú, nuair ab fhéidir, le teimpléid tuairiscithe mholta le haghaidh cearta paisinéirí bus agus cóiste, agus uisce-iompair. Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir go gcuidíonn ceanglais tuairiscithe choiteanna le faisnéis cháilíochtúil agus inchomparáide a chur ar fáil chun cearta paisinéirí iarnróid a fhorfheidhmiú. Chomh maith leis sin, cuideoidh na timthriallta tuairiscithe rialta sna blianta amach romhainn leis na treochtaí forfheidhmiúcháin atá ag teacht chun cinn a rianú ar bhealach níos beaichte, le faireachán a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil córais phionóis fós éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach sa chleachtas, agus le hinfheictheacht níos fearr a sholáthar maidir le fadhbanna ar an láthair, lena n-áirítear cásanna ina bhféadfadh gá a bheith le tuilleadh treorach, comhordaithe nó coigeartaithe reachtaigh.

2.11.4. Gearáin á láimhseáil ag na húdaráis inniúla agus ag comhlachtaí eile (Airteagal 33)

Léirítear sa staidéar tacaíochta go bhfaigheann formhór na gcomhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe doiciméid go leictreonach (trí ríomhphost, ardáin ar líne nó comhfhreagras oifigiúil) agus go gcuirtear an freagra ón gcomhlacht náisiúnta forfheidhmithe ar ghearán an phaisinéara ar fáil laistigh de 10 lá oibre go 1 mhí amháin, agus go bhféadfaí síneadh suas le 3 mhí a chur leis i gcásanna casta ([179]). Oibríonn grúpa níos lú le spriocdhátaí an-ghearr mar réamhshocrú, amhail 10 lá go 15 lá ([180]), agus socraíonn grúpaí eile tráthchláir cás ar chás nó tráthchláir chomhaontaithe ([181]). Níl an cleachtas chomh soiléir céanna ach i gcúpla córas, toisc nach raibh aon chás ann go dtí seo ([182]).

([179]) AT, BG, CZ, FR, HR, IT, PT.
([180]) EE, HU, LT, PT, RO.
([181]) AT, EL, FI, LV, NL.
([182]) Tugtar le fios sa taighde gurb amhlaidh atá i seacht mBallstát (IE, LU, LT, LV, NL, SI, SK).

Ar bhonn an staidéir tacaíochta, is cosúil go bhfuil comhlacht um réiteach malartach díospóidí ar fáil freisin do phaisinéirí in 21 Bhallstát ([183]).

2.11.5. Malartú faisnéise agus comhar trasteorann idir comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe (Airteagal 34)

Le míreanna (4), (5) agus (6) d'Airteagal 33 agus Airteagal 34 den Rialachán, treisítear **oibleagáid maidir le comhar idir na Comhlachtaí Náisiúnta Forfheidhmithe:** i gcás ina n-ainmneofar comhlachtaí éagsúla faoi Airteagal 31 agus Airteagal 33, ní mór malartú faisnéise eatarthu a áirithiú. Ar fud na mBallstát, is cosúil go bhfuil an comhar trasteorann idir comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe fós teoranta sa chleachtas. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh toisc go dtagann thart ar 7 % den trácht iarnróid ar fad san Aontas([184]), rud atá beagán os cionn an ráta 6% in 2013 ([185]). Fuarthas amach sa staidéar tacaíochta nár thuairiscigh ach trí chomhlacht náisiúnta forfheidhmithe ([186]) deacrachtaí nithiúla maidir lena chinneadh cén Ballstát ar cheart dá chomhlacht náisiúnta forfheidhmithe gearán trasteorann a láimhseáil agus léiríonn 19 gcomhlacht náisiúnta forfheidhmithe nach raibh fadhbanna den sórt sin acu ([187]). Níor tuairiscíodh ach aistriú gearáin amháin chuig comhlacht náisiúnta forfheidhmithe Ballstáit eile ([188]).

([183]) AT, BE, BG, CZ, DE, DK, EE, EL, FI, FR, HU, IE, IT, LU, LV, NL, PL, PT, RO, SE, SK. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, gur thug na páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo freagraí éagsúla maidir le cé acu a láimhseálann nó nach láimhseálann réiteach malartach díospóidí in Éirinn gearáin a bhaineann le hiompar.

([184]) An naoú tuarascáil faireacháin ar fhorbairt an mhargaidh iarnróid faoi Airteagal 15(4) de Threoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, COM(2025) 439 final, lch. 4.

([185]) Tuarascáil ar Chur i bhFeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1371/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le Cearta agus Oibleagáidí Paisinéirí Iarnróid, COM(2013) 587 final, lch. 3.

([186]) AT, BE, DE.

([187])BG, CZ, DK, EE, ES, FR, HR, HU, IE, IT, LT, LV, PL, PT, RO, SE, SI, SK.

([188]) CZ.

3. CONCLÚIDÍ

Tá cur i bhfeidhm an Rialacháin fós sách nua toisc nár tháinig sé i bhfeidhm go dtí an 7 Meitheamh 2023, agus is gá go dtógfaidh sé roinnt ama chun na héifeachtaí atá beartaithe a bhaint amach sa chleachtas. Dá bhrí sin, ba cheart na torthaí go dtí seo a mheas mar réamhthorthaí amháin.

Mar sin féin, is cosúil go bhfuil patrún na ndíolúintí níos struchtúrtha agus níos teoranta ná mar a bhí faoin Rialachán roimhe seo. Cé go bhfuil maoluithe fós ann, go háirithe i gcás seirbhísí uirbeacha, fo-uirbeacha agus réigiúnacha, is minice a bhíonn siad spriocdhírithe, teoranta ó thaobh ama de agus sonrach d'fhorálacha áirithe. Léiríonn sé sin laghdú de réir a chéile ar dhíolúintí agus leathnú comhfhreagrach ar raon feidhme éifeachtach an Rialacháin sa chleachtas.

Is cosúil go bhfuil feabhas tagtha ar an timpeallacht do phaisinéirí iarnróid san Aontas mar thoradh ar éifeachtaí an Rialacháin freisin. Léiríonn cur i bhfeidhm na rialacha leathnaithe maidir le rothair a iompar ar bord traenacha gur féidir na híoscheanglais maidir le spásanna rothar ar thraenacha a bhaint amach i bhformhór na mBallstát. Le comhroinnt mhéadaithe faisnéise taistil agus tráchta idir gníomhaithe éagsúla, freastalaítear ar leasanna na bpaisinéirí freisin, go háirithe i gcás ina dteastaíonn faisnéis fíor-ama uathu faoina dturas. Leis an Rialachán Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún maidir le STI TEL a glacadh le déanaí, lena leagtar síos garspriocanna éagsúla go dtí 2029, tacófar freisin le gníomhaithe an sprioc sin a bhaint amach ([189]). Ina theannta sin, a bhuí leis an bhfoirm choiteann, ar gá a húsáid a chur chun cinn a thuilleadh, tá uirlis bhreise ag paisinéirí anois chun a gcearta a éileamh. Léirítear sna torthaí go bhfuil obair ar siúl freisin i bhformhór na mBallstát chun pleananna teagmhasacha a ullmhú le haghaidh mórshuaite.

Mar sin féin, níor léiríodh feabhas leordhóthanach go fóill i réimsí áirithe ina bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnta le dul chun cinn níos gasta. Go háirithe, tá saincheisteanna a bhaineann le ticéadú agus tréthicéid fós ann agus is gá gníomhaíocht a dhéanamh ina leith sa ghearrthéarma. Dá bhrí sin, tá togra ag gabháil leis an tuarascáil seo le haghaidh athbhreithniú spriocdhírithe ar an Rialachán chun a áirithiú go n-áiritheofar leibhéal cosanta atá cosúil leis an leibhéal cosanta do phaisinéirí a bhfuil tréthicéad acu do phaisinéirí a cheannaíonn ticéad aonair le haghaidh turais a bhfuil nasc amháin nó níos mó aige arna oibriú ag roinnt gnóthas iarnróid ([190]). Is gá grinnscrúdú breise a dhéanamh freisin ar chur i bhfeidhm na rialacha maidir le coinníollacha conarthacha agus taraifí neamh-idirdhealaitheacha, an ceart chun féin-athródaithe agus an díolúine ón gceart chun cúitimh (*force majeure*). Beidh gá le haird leanúnach freisin chun a áirithiú go mbeidh daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe in ann taisteal ar bhealach atá inchomparáide le paisinéirí eile.

Ar bhonn níos ginearálta, léirítear sa tuarascáil seo freisin an gá atá le faireachán feabhsaithe ar na rialacha ar leibhéal na mBallstát. Beidh forfheidhmiú éifeachtach agus comhsheasmhach riachtanach freisin chun a áirithiú go ndéanfaidh na gníomhaithe éagsúla – gnóthais iarnróid, bainisteoirí stáisiúin, díoltóirí ticéad agus tionscnóirí turas – na rialacha a chur i bhfeidhm go cuí ionas go mbainfear cuspóirí an Rialacháin amach go hiarbhír.

([189]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/253 ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2026 maidir le sonraíocht theicniúil a bhaineann le fochóras teileamaitice an chórais iarnróid san Aontas Eorpach le haghaidh idir-inoibritheacht na comhroinnte sonraí maidir le hiompar d'iarnród ('STI TEIL') agus lena n-aisghairtear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 454/2011 ('STI FTP') agus (AE) Uimh. 1305/2014 ('STI FTI'), IO L, 2026/253, 10.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/253/oj. Féach go háirithe na garspriocanna faoi Fhoscríbhinn G de.

([190]) COM(2026) 233.

Leanfaidh an Coimisiún de mhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin agus de ghníomhaíocht a dhéanamh i gcás inar gá.

Annex A Forléargas ar ghlacadh na ndíolúintí faoi Rialachán (AE) 2021/782 ([191])

Catagóir na díolúine	AT	BE	BG	CZ	DE	DK	EE	EL	ES	FI	FR	HR	HU	IE	IT	LT	LU	LV	NL	PL	PT	RO	SI	SK	SE	Iomlán
Fad-achair			√										√								√	√		√		**5**
Uirbeach/fo-uirbeach	√		√		√					√	√		√				√			√	√	√		√	√	**12**
Réigiúnach	√		√		√					√	√		√				√			√	√	√		√	√	**12**
Úsáid stairiúil nó turasóireachta			√	√	√					√	√		√		√	√		√	√	√	√	√		√	√	**15**
Idirnáisiúnta chuig tríú tíortha			√	√						√			√					√		√		√				**7**
Rochtain ar fhaisnéis taistil agus tráchta	√											√	√					√		√		√				**6**
Tréimhse réamhfhógra do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe			√	√	√	√						√	√					√				√				**8**
Iomlán	**3**	**0**	**6**	**3**	**4**	**1**	**0**	**0**	**0**	**4**	**3**	**2**	**7**	**0**	**1**	**1**	**2**	**4**	**1**	**5**	**4**	**7**	**0**	**4**	**3**	

([191]) Eochair eolais: √ - Díolúine in úsáid.

Annex B Comparáid le díolúintí na mBallstát faoi Rialachán (CE) Uimh. 1371/2007([192])

Rialachán (AE) 2021/782 maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid *(na díolúintí is infheidhme tráth foilsithe na tuarascála)*

Catagóir díolúine in aghaidh na seirbhíse	AT	BE	BG	CZ	DE	DK	EE	EL	ES	FI	FR	HR	HU	IE	IT	LT	LU	LV	NL	PL	PT	RO	SI	SK	SE	**Iomlán**
Uirbeach/fo-uirbeach	√		√		√					√	√		√				√			√	√	√		√	√	**12**
Réigiúnach	√		√		√					√	√		√				√			√	√	√		√	√	**12**
Idirnáisiúnta chuig tríú tíortha			√	√						√			√					√		√		√				**7**
Fad-achair intíre			√										√								√	√		√		**5**
Iomlán	**2**	**0**	**4**	**1**	**2**	**0**	**0**	**0**	**0**	**3**	**2**	**0**	**4**	**0**	**0**	**0**	**2**	**1**	**0**	**3**	**3**	**4**	**0**	**3**	**2**	

Rialachán (CE) Uimh. 1371/2007 maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid *(na díolúintí is infheidhme tráth a aisghairme an 7 Meitheamh 2023)*

Catagóir díolúine in aghaidh na seirbhíse	AT	BE	BG	CZ	DE	DK	EE	EL	ES	FI	FR	HR	HU	IE	IT	LT	LU	LV	NL	PL	PT	RO	SI	SK	SE	**Iomlán**
Uirbeach/fo-uirbeach	√		√		√		√		√	√	√		√	√		√	√	√		√	√	√		√	√	**18**
Réigiúnach	√		√		√		√		√	√	√		√	√		√	√	√		√	√	√		√	√	**18**
Idirnáisiúnta chuig tríú tíortha							√			√			√			√		√		√		√				**8**
Fad-achair/intíre			√				√						√	√		√		√		√	√	√		√		**11**
Iomlán	**2**	**0**	**3**	**0**	**2**	**0**	**4**	**0**	**2**	**3**	**2**	**0**	**4**	**3**	**0**	**4**	**2**	**4**	**0**	**4**	**3**	**4**	**0**	**3**	**2**	

([192]) Rinneadh an chomparáid ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil don Choimisiún. Ní thaispeántar ach díolúintí is coiteann don dá Rialachán. Eochair: √ - Díolúine in úsáid ag Ballstát.